AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 8.5.2026
COM(2026) 261 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

i gcomhréir le hAirteagal 27 de Threoir 2014/36/AE maidir le coinníollacha teacht isteach agus fanachta náisiúnach tríú tír chun críche fostaíochta mar oibrithe séasúracha

I. RÉAMHRÁ

Tá geilleagar séasúrach an Aontais ina mhórspreagadh tábhachtach don fhás in earnálacha éagsúla a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo ó thaobh gheilleagar agus iomaíochas foriomlán an Aontais de. Is iad na príomhearnálacha séasúracha san Aontas an earnáil talmhaíochta agus gairneoireacht, an earnáil turasóireachta, agus an earnáil óstán, bialann agus lónadóireachta agus, ar bhonn níos lú, an earnáil próiseála bia agus an earnáil tógála. In 2024 ghin earnáil talmhaíochta an Aontais oll-bhreisluach EUR 228,6 billiún (thart ar 1,2 % de OTI an Aontais) agus EUR 531,9 billiún d'aschur talmhaíochta, agus baineadh amach luach EUR 235,4 billiún d'onnmhairí agraibhia[1]. Meastar go dtagann thart ar 5 % d'oll-bhreisluach an Aontais ó na tionscail turasóireachta, lena n-áirítear seirbhísí cóiríochta agus bia[2]. Braitheann go leor de na hearnálacha sin go struchtúrach ar obair shéasúrach, agus baineann an t-éileamh ar lucht saothair buaicphointe amach ag tréimhsí sonracha den bhliain.

Cé go bhfuil earnálacha séasúracha agus méid na hoibre séasúraí éagsúil ar fud an Aontais, tá gá struchtúrach le hoibrithe séasúracha i gcás na mBallstát uile. Tugann meastacháin gharbha le fios go dteastaíonn idir 2,5 milliún[3] agus 4[4]mhilliún oibrí séasúrach gach bliain ar fud an Aontais. Is iad náisiúnaigh ó na tíortha féin an grúpa oibrithe séasúracha is mó, ach tá laghdú leanúnach ag teacht ar an líon sin.

De bharr athruithe déimeagrafacha, dídhaonrú na tuaithe agus ganntanais leanúnacha lucht saothair, tá méadú ag teacht de réir a chéile ar an éileamh ar ionchur oibrithe séasúracha soghluaisteachta de chuid an Aontais (oibrithe a aistríonn ó Bhallstát amháin san Aontas go Ballstát eile le haghaidh fostaíocht shéasúrach) agus ar oibrithe ó thíortha nach Ballstáit den Aontas iad chun táirgeadh agus seirbhísí a choinneáil ar bun in earnálacha séasúracha. De réir na meastachán ó 2021, téann os cionn 420 000 náisiúnach tríú tír i mbun obair shéasúrach sa talmhaíocht amháin san Aontas gach bliain[5]. In 2023, 9 % den lucht saothair sna tionscail turasóireachta, is náisiúnaigh tríú tír[6] a bhí iontu.

Bíonn dúshláin shonracha, a ngabhann rioscaí méadaithe leochaileachta agus forfheidhmiúcháin leo, ag baint leis an obair shéasúrach. Is é is cúis leis sin an meascán de chúraimí sealadacha diana

---

1 Eurostat, Feidhmíocht na hearnála talmhaíochta – Míniú ar Staidreamh – Eurostat.

2 Eurostat, Staidreamh turasóireachta – caiteachas – Míniú ar Staidreamh – Eurostat (4,5 % in 2019); Money-maker or scourge? Tourism across the EU flourishes | European Newsroom (5.1 %).

3 Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE), *Collecting data on the situation of social protection of seasonal workers in the agriculture and food sectors in EU Member States after COVID-19* [Sonraí a bhailiú maidir le staid chosaint shóisialta oibrithe séasúracha sna hearnálacha talmhaíochta agus bia i mBallstáit an Aontais tar éis COVID-19], 2023.

4 Cónaidhm Eorpach na gCeardchumann Bia, Talmhaíochta agus Turasóireachta (EFFAT), *Working conditions in EU Agriculture, The Figures of Precarity, Exploitation agus Inequality,* 2024.

5 CESE, fonóta3, lch. 18.

6 I seirbhísí cóiríochta, ina raibh 2,1 milliún oibrí fostaithe in 2021, ba náisiúnaigh tríú tír iad 11 % den lucht saothair in 2023,Tionscail turasóireachta – fostaíocht – Míniú ar Staidreamh – Eurostat. In 2022, ba náisiúnaigh tríú tír iad thart ar 12,6 % den lucht saothair san earnáil óstán, bialann agus lónadóireachta san Aontas, an tÚdarás Eorpach Saothair, *Accommodation and food service activities: issues and challenges related to labour mobility*, lch. 37. Mar sin féin, ní fios an líon oibrithe séasúracha ó thíortha nach Ballstáit den Aontas iad san earnáil sin.

fisiciúla, uaireanta oibre fada le linn buaicthréimhsí, pá réasúnta íseal, slándáil fostaíochta an-teoranta agus áiteanna oibre iargúlta. Cuireann cumhacht mhargála theoranta na n-oibrithe, a dheacra atá sé cigireachtaí a dhéanamh i gceantair thuaithe iargúlta, agus dianiomaíocht a bhféadfadh laghdú ar chostais saothair a bheith mar thoradh uirthi, le leochaileacht na n-oibrithe séasúracha freisin agus le rioscaí dúshaothraithe. Is mó an riosca atá ann do náisiúnaigh tríú tír a fhostaítear in earnálacha séasúracha ná do náisiúnaigh de chuid an Aontais, agus bíonn dúshláin rompu a mhéid a bhaineann le tithíocht chuibhiúil, cúram sláinte, agus codanna áirithe den tslándáil shóisialta. Is féidir leis an idirdhealú trasnach na rioscaí sin a mhéadú. Conarthaí gearra, spleáchas ar fhostóir aonair, rochtain theoranta ar fhaisnéis agus ar thacaíocht, agus eagla roimh iarmhairtí díobhálacha i gcás ina dtuairisceoidís mí-úsáidí[7], déanann na nithe sin difear dá gcumas a gcearta a dhearbhú agus sásamh a lorg. Is mó an baol go ndéanfaí gáinneáil ar dhaoine ar mhaithe le dúshaothrú lucht saothair i gcás oibrithe séasúracha freisin, rud a bhfuil méadú mór tagtha air le blianta beaga anuas[8], go háirithe in earnálacha ardriosca amhail talmhaíocht, próiseáil bia, fáilteachas, iompar agus lóistíocht agus tógáil.

Sular glacadh an Treoir maidir le hOibrithe Séasúracha[9] (an Treoir), bhí na rialacha agus na caighdeáin chosanta náisiúnta ilroinnte, agus bhí na sainmhínithe, na critéir um ligean isteach, an fad fanachta, na nósanna imeachta agus na cearta an-éagsúil ó thír go tír. I roinnt Ballstát, bhí earnálacha séasúracha a raibh fostaíocht neamhdhleathach, rófhanacht agus drochdhálaí oibre agus maireachtála ag baint leo.

Glacadh an Treoir in 2014 agus bhí sí le bheith trasuite faoin 30 Meán Fómhair 2016, agus is é is aidhm di dhá chuspóir a thabhairt le chéile: conairí soghluaisteachta níos inrochtana agus níos trédhearcaí do lucht saothair chun cabhrú le fostóirí freastal ar an éileamh séasúrach ar lucht saothair, agus ar an gcaoi sin laghdú ar imirce neamhdhleathach agus ar fhostaíocht neamhdhleathach a dhreasú; agus dálaí cuibhiúla oibre agus maireachtála d'oibrithe séasúracha a chur chun cinn, coimircí láidre in aghaidh an dúshaothraithe, chomh maith le bearta chun forfheidhmiú a áirithiú, amhail faireachán, measúnú agus cigireachtaí.

---

7 An Coimisiún, *'Targeted study on the need and potential policy options to better protect third-country nationals under the Seasonal Workers Directive'* ['Staidéar spriocdhírithe ar an ngá le cosaint níos fearr do náisiúnaigh tríú tír faoin Treoir maidir le hOibrithe Séasúracha agus ar na roghanna beartais a d'fhéadfadh a bheith ann'], le Milieu Ltd agus Ramboll Consulting, 2024, dá ngairtear an Staidéar spriocdhírithe anseo feasta; Oxfam, *Essential but invisible and exploited*, 2024, lch. 5; *Boletín de Igualdad en el Empleo, Retratos de la Precariedad: Temporeras de la fresa y otros frutos Rojos en Huelva* [Feasachán maidir le Comhionannas Fostaíochta, Portráidí Forbhásachta: Oibrithe Séasúracha in Huelva ag baint Sútha Talún agus torthaí dearga eile], 2023.

8 Méadú 70 % ar an ngáinneáil le haghaidh dúshaothrú lucht saothair idir 2019 agus 2023, rud is féidir a thuiscint ó thuarascáil Eurostat ar 10 mbliana (2013-2023) de shonraí an Aontais maidir le gáinneáil ar dhaoine, a foilsíodh i mí Dheireadh Fómhair 2025.

9 Treoir 2014/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le coinníollacha teacht isteach agus cónaithe náisiúnach tríú tír chun críche fostaíochta mar oibrithe séasúracha, IO L 94, 28.3.2014, lch. 375. Níl feidhm ag an Treoir sa Danmhairg ná in Éirinn.

I gcomhréir le hAirteagal 27 den Treoir, dírítear sa tuarascáil seo ar thrasuí na Treorach agus ar a cur i bhfeidhm sna Ballstáit, lena gcumhdaítear go príomha an tréimhse idir 2019 agus 2024[10]. Leagtar amach inti freisin na bearta a rinneadh chun tacú le trasuí na Treorach agus í a chur i bhfeidhm mar is ceart, sainaithnítear inti na dúshláin atá fós ann, agus cuirtear i láthair inti na bearta atá beartaithe ag an gCoimisiún a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt orthu.

Tá an tuarascáil bunaithe ar fhaisnéis a fuarthas trí na bearta faireacháin agus tacaíochta a dtugtar tuairisc orthu i ranna II agus III, ar shonraí staidrimh arna dtuairisciú ag na Ballstáit do Eurostat, agus ar ionchur ó raon leathan páirtithe leasmhara, lena n-áirítear údaráis na mBallstát, ceardchumainn, comhlachais fostóirí agus gnó, eagraíochtaí neamhrialtasacha, ionadaithe imirceach, an saol acadúil agus foinsí atá ar fáil go poiblí.

Mar a leagtar amach i Straitéis Eorpach um Bainistiú Tearmainn agus Imirce an 29 Eanáir 2026[11], tá sé ríthábhachtach lucht saothair atá de dhíth ar gheilleagar na hEorpa, lena n-áirítear oibrithe séasúracha, a mhealladh ó thíortha nach Ballstáit den Aontas iad, agus cosaint ar dhúshaothrú a áirithiú agus fostaíocht neamhdhleathach a chosc freisin. Rochtain éifeachtach ar chonairí soghluaisteachta lucht saothair a chur chun cinn agus a áirithiú chun críche oibre séasúraí, mar rogha mhalartach inmharthana ar an imirce neamhdhleathach, tá an méid sin mar chuid freisin den Chomhghuaillíocht Dhomhanda smuigleáil imirceach a chomhrac[12].

Is é is aidhm don tuarascáil seo, mar aon leis an tuarascáil ar chur chun feidhme na Treorach maidir le Smachtbhannaí in aghaidh Fostóirí[13], forfheidhmiú níos fearr rialacha an Aontais a chur chun cinn chun fostaíocht neamhdhleathach agus dúshaothrú oibrithe imirceacha a chomhrac. Cuirfidh sí freisin leis an straitéis atá ar na bacáin in 2026 maidir leis an ngáinneáil ar dhaoine a chomhrac agus rannchuideoidh sí le cur chuige níos leithne an Aontais faoin Treochlár um Poist Dea-cháilíochta[14] chun dálaí oibre cuibhiúla a áirithiú do gach oibrí.

II. FAIREACHÁN AGUS BEARTA CHUN TACÚ LEIS AN gCUR CHUN FEIDHME

Ó 2016 ann, ghlac an Coimisiún réimse céimeanna dlíthiúla agus oibríochtúla chun a áirithiú go gcuirfear an Treoir chun feidhme mar is ceart. In 2016, chuir sé tús le nósanna imeachta um shárú in aghaidh 20 Ballstát a bhfuil an Treoir ina ceangal orthu, toisc nár thug siad fógra faoi bhearta um thrasuí. Faoi 2019, bhí fógra tugtha ag gach Ballstát go ndearnadh trasuí iomlán, rud a d'fhág

[10] Tíortha an Aontais an Treoir a thrasuí de réir a chéile agus go difreáilte, bearnaí i sonraí inchomparáide agus an suaitheadh de dheasca phaindéim COVID-19, is iad na nithe sin is cúis leis an tréimhse thuairisciúcháin fhadaithe den chuid is mó.

[11] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle, Straitéis Eorpach um Bainistiú Tearmainn agus Imirce, 29 Eanáir 2026, COM(2026) 45 final, lch. 21.

[12] Féach *Joint Declaration of the Global Alliance to Counter Migrant Smuggling* [Dearbhú Comhpháirteach ón gComhghuaillíocht Dhomhanda chun Smuigleáil Imirceach a chomhrac], 10 Nollaig 2025.

[13] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le cur i bhfeidhm Threoir 2009/52/CE an 18 Meitheamh 2009 lena ndéantar foráil maidir le híoschaighdeáin do smachtbhannaí agus bearta in aghaidh fostóirí náisiúnach tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach COM(2026)260.

[14] Teachtaireacht ón gCoimisiún, an Treochlár um Poist Dea-cháilíochta, 4 Nollaig 2025, COM(2025) 944 final.

gur dúnadh na nósanna imeachta um shárú sin. Trasuíodh formhór na bhforálacha mar ba cheart i ngach Ballstát, cé go raibh roinnt bearnaí ann fós i réimsí amhail coinníollacha um ligean isteach agus um tharraingt siar, údaruithe a eisiúint agus a athnuachan, oibleagáidí faisnéise, athiontráil a éascú, cóiríocht, smachtbhannaí, cúiteamh agus coimircí nós imeachta. Dá bhrí sin, in 2023 agus 2024, sheol an Coimisiún nósanna imeachta um shárú in aghaidh gach Ballstáit a bhfuil an Treoir ina ceangal air as trasuí mícheart na Treorach. Mar thoradh air sin, tá bearta breise déanta nó á ndéanamh ag gach Ballstát lena mbaineann chun a dhlí náisiúnta a ailíniú leis an Treoir. Go dtí seo, dúnadh naoi nós imeachta um shárú, agus tá na cinn eile fós á measúnú.

Chun tacú le cur i bhfeidhm éifeachtach na bhforálacha trasuite, chomhlánaigh an Coimisiún an forfheidhmiú dlíthiúil le bearta anailíseacha[15] agus oibríochtúla[16]. Maoiníodh tionscadail spriocdhírithe le cistiú ón Aontas, mar shampla, san Iodáil, sa Ghréig, sa Spáinn agus sa Fhrainc, chun tacú le cur chun feidhme praiticiúil na Treorach le haghaidh oibrithe séasúracha talmhaíochta ó thríú tíortha[17].

Phléigh an Coimisiún leis na Ballstáit, le comhpháirtithe sóisialta agus le páirtithe leasmhara trí fhóraim agus comhairliúcháin éagsúla na dúshláin atá fós ann agus na chéad chéimeanna eile a d'fhéadfadh a bheith ann chun cur i bhfeidhm na Treorach a fheabhsú[18]. Bhí ranna sa Choimisiún rannpháirteach i malartuithe breise a d'eagraigh tríú páirtithe agus a bhain le tionscadail arna gcistiú nó arna gcomhchistiú ag an Aontas[19]. Leis na malartuithe sin, cuireadh i dtábhacht nach

---

[15] Gréasán Imirce na hEorpa (2020), *Attracting and protecting the rights of seasonal workers in the EU and the United Kingdom – Synthesis Report*, 2020, agus tuarascálacha tíre gaolmhara; Iarraidh *ad hoc* 2023.18 i ndáil leis an Treoir maidir le hOibrithe Séasúracha, arna iarraidh ag EMN Lucsamburg an 5 Bealtaine 2023; Staidéar spriocdhírithe, fonóta 7; An Coimisiún, *Study on the working conditions of farm employees in the EU agriculture sector*, le Milieu, Law & Policy Consulting, 2025.

[16] Mar shampla, Teachtaireacht ón gCoimisiún, *Treoirlínte maidir le hoibrithe séasúracha san Aontas i gcomhthéacs ráig COVID-19*, 2020/C 235 I/01, IO C 235I, 17.7.2020, lch. 1; An tÚdarás Eorpach Saothair, Nóta faisnéise feachtais maidir le hibrithe séasúracha ar náisiúnaigh tríú tír iad (2021), Information note on seasonal workers.pdf.

[17] Mar shampla, leithdháil an Coimisiún EUR 30,2 milliún in 2019 ar SU.PR.EME. Italia agus EUR 30 milliún in 2023-24 ar SU.PR.EME. 2 san Iodáil chun obair neamhdhearbhaithe agus gníomhaíochtaí earcaíochta neamhdhleathacha a chosc agus a chomhrac; EUR 3,25 milliún, ar tháinig 95 % de ón gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht (AMIF), ar an tionscadal Women as Financially Independent Rural Actors (WAFIRA) (2021-2025) agus WAFIRA II (2025-2028) sa Spáinn; agus EUR 5,23 milliún, ar tháinig 95 % de ó AMIF, ar an bhFrainc. Chistigh sé an tionscadal INTEGRALITY freisin, chun dúshaothrú lucht saothair imirceach sa talmhaíocht a chomhrac agus chun oibriú chun a áirithiú go gcomhtháthófar go háitiúil iad, sa Ghréig.

[18] Mar shampla, ag cruinnithe den Ardán um Imirce Lucht Saothair i mí Dheireadh Fómhair 2023 agus i mí Dheireadh Fómhair 2025, ag cruinniú den Ghrúpa Saineolaithe maidir le Tuairimí na nImirceach i mí Dheireadh Fómhair 2025, ag cruinniú den Fhóram Eorpach um Imirce i mí na Samhna 2024, agus ag cruinniú *ad hoc* leis na comhpháirtithe sóisialta i mí na Nollag 2025.

[19] Mar shampla, Solidar, Realising Fair and Just Working Conditions for Migrant Workers in Europe (Deireadh Fómhair 2025); An Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE)/Rialtas na hÍsiltíre, Ceardlann Hibrideach maidir le hImirce Lucht Saothair sa Talmhaíocht (mí na Nollag 2025); Treoirphleananna fostaíochta séasúracha agus cothroma (SaFE)/an Lárionad Idirnáisiúnta um Fhorbairt Beartas Imirce/an tSaoráid Chomhpháirtíochta i gcomhair Imirce, Ceardlann, Conairí feidhmiúla a thógáil don obair shéasúrach sa talmhaíocht agus sa turasóireacht (Eanáir 2026); Lárionad Beartais na hEorpa/Dínit d'oibrithe imirceacha i margaí saothair ón bhfeirm go dtí an forc, (DignityFIRM), Cruinniú comhchéime, Oibrithe imirceacha sna hearnálacha

mór bealaí um ligean isteach a oibríochtú ar bhealach níos fearr chun an lucht saothair séasúrach is gá a sholáthar in am, feasacht a mhéadú i measc oibrithe séasúracha tríú tír maidir lena gcearta agus maidir le conas iad a fhorfheidhmiú, agus tacú le húsáid sásraí gearáin agus sásaimh. Tharraing páirtithe leasmhara aird go minic freisin ar fhaireachán agus forfheidhmiú neamhleor, ar chigireachtaí agus smachtbhannaí neamhleora in earnálacha séasúracha, agus ar fhadhbanna athfhillteacha maidir le cóiríocht neamhleor agus sáruithe ar dhlí an tsaothair.

III. AN TRASUÍ AGUS AN CUR I BHFEIDHM A BHEITH COMHLÍONTACH

Cé gur thrasuigh na Ballstáit an chuid is mó d'fhorálacha na Treorach i gceart, tá roinnt bearnaí fós ann, bearnaí a léireofar sna ranna seo a leanas.

1. Conairí soghluaisteachta lucht saothair a cuíchóiríodh agus a mbeidh rochtain éasca ag oibrithe séasúracha orthu

a. Raon feidhme na Treorach – Airteagal 2

Tá feidhm ag an Treoir maidir le náisiúnaigh tríú tír a bhfuil cónaí orthu lasmuigh de chríoch na mBallstát agus a iarrann go ligfí isteach ar chríoch Ballstáit iad, nó a ligeadh isteach ar chríoch Ballstáit, chun críche fostaíochta mar oibrithe séasúracha. Níl feidhm aici maidir le náisiúnaigh tríú tír a bhfuil cónaí orthu i gcríoch Ballstáit tráth an iarratais, cé is moite de náisiúnaigh tríú tír a bhfuil sé beartaithe acu síneadh a chur lena bhfanacht nó é a athnuachan (Airteagal 2). Is é an sainmhíniú sa Treoir ar 'oibrí séasúrach', náisiúnach tríú tír a choimeádann príomháit chónaithe i dtríú tír agus a fhanann go dleathach agus go sealadach i gcríoch Ballstáit chun gníomhaíocht a dhéanamh a bhraitheann ar imeacht na séasúr, faoi chonradh nó conarthaí fostaíochta ar théarma seasta a tugadh i gcrích go díreach idir an náisiúnach tríú tír sin agus an fostóir atá bunaithe sa Bhallstát sin (Airteagal 3 (b)). Laistigh de na paraiméadair sin, ní mór do na Ballstáit na hearnálacha séasúracha a liostú (Airteagal 2(2)) agus an fanacht carnach uasta le haghaidh obair shéasúrach, idir 5 mhí agus 9 mí in aon tréimhse 12 mhí, a leagan síos (Airteagal 14). Tá talmhaíocht liostaithe ag gach Ballstát mar earnáil shéasúrach. Luann go leor díobh gairneoireacht[20], foraoiseacht[21], lena n-áirítear táirgí fiáine neamhadhmaid a bhailiú[22], nó iascaireacht agus dobharshaothrú muirí[23]. Tá cóiríocht, seirbhísí bia agus/nó turasóireacht agus seirbhísí fóillíochta gaolmhara ainmnithe mar earnálacha séasúracha[24] ag a bhformhór. Tá earnáil bhreise amháin nó níos mó ainmnithe ag cuid díobh[25].

ón bhfeirm go dtí an forc: Cad é an bealach chun cinn do bheartais éifeachtacha an Aontais lena n-áiritheofar dínit? (Mí Eanáir 2026)

[20] An Ostair, an Bheilg, an Ghearmáin, an Fhrainc, an Liotuáin, an Laitvia, an Ísiltír agus an Rómáin.

[21] An Ostair, an Bhulgáir, an tSeicia, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Eastóin, an Ghréig, an Fhionlainn, an Chróit, an Ungáir, an Liotuáin, an tSualainn, an tSlóivéin agus an tSlóvaic.

[22] An Fhionlainn agus an Liotuáin.

[23] An Bhulgáir, an Eastóin, an Ghréig, an Ungáir, an Laitvia, Málta, an Phortaingéil agus an tSlóvaic.

[24] An Ostair, an Bheilg, an Bhulgáir, an tSeicia, an Ghearmáin, an Eastóin, an Ghréig, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Chróit, an Iodáil, an Liotuáin, Lucsamburg, an Laitvia, Málta, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSualainn, an tSlóivéin agus an tSlóvaic.

[25] Liostaigh an tSeicia, an Ghearmáin, an Eastóin, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Liotuáin, Lucsamburg, an Phortaingéil, an tSualainn agus an tSlóvaic ceann amháin nó níos mó de na hearnálacha seo a leanas, mar shampla:

Tá méadú seasta tagtha ar ligean isteach oibrithe séasúracha tríú tír, a thagann faoi raon feidhme na Treorach, le blianta beaga anuas. Léiríonn sonraí Eurostat[26] gur mhéadaigh údaruithe le haghaidh obair shéasúrach san Aontas ó 115 726 in 2019 go 273 897[27] in 2024, agus gur tharla méadú an-mhór idir 2021 agus 2024 (ó 154 915[28] go 273 897; méadú níos mó ná +77 %), léiriú ar théarnamh iar-COVID, éileamh níos airde ar lucht saothair séasúrach ó thíortha nach Ballstáit den Aontas iad, agus tuairisciú níos iomláine ó roinnt Ballstát[29]. Le nósanna imeachta cuíchóirithe[30] agus cuótaí ligean isteach níos airde le haghaidh oibrithe séasúracha ó thríú tíortha[31] rinneadh na conairí soghluaisteachta i roinnt Ballstát níos tarraingtí agus níos inrochtana. Tugtar le fios le cigireachtaí níos déine ar an lucht saothair agus ráta níos airde neamhrialtachtaí[32] a bhrath sa tréimhse chéanna go bhféadfadh sé gur spreagadh fás san fhostaíocht dhlíthiúil i roinnt Ballstát de bharr gníomh níos cinntithí in aghaidh obair neamhdhearbhaithe agus in aghaidh fostaíocht neamhdhleathach.

In 2024, bhain níos mó ná 90 % de na húdaruithe faoi raon feidhme na Treorach le sé Bhallstát: An Iodáil (146 099; 53 %), an Fhrainc (41 700; 15 %), an Spáinn (20 810; 8 %), an Chróit (16 555; 6 %), an Ghréig (15 206; 6 %) agus an Bhulgáir (9 542; 3 %). Eisíodh beagnach 70 % de na húdaruithe do dhaoine ó na tíortha seo a leanas nach Ballstáit den Aontas iad: Maracó (76 579; 28 %), an Bhanglaidéis (53 567; 20 %), an India (39 137; 14 %), an Túinéis (12 675; 5 %) agus an Úcráin (7 524; 3 %). Cé is moite d'oibrithe ón Úcráin, a bhfuil a bhformhór comhchruinnithe sa Pholainn, bhí náisiúnaigh thuasluaite eile fostaithe den chuid is mó i ndeisceart na hEorpa, go háirithe san Iodáil, sa Fhrainc agus sa Spáinn.

In 2024, is fir a bhí i bhformhór na n-oibrithe séasúracha tríú tír a ligeadh isteach faoin Treoir (216 954 ar a laghad), agus is mná a bhí i mbeagnach an chúigiú chuid díobh (53 895 ar a laghad, nó 20 %)[33]. Cé gur fir is mó a bhí i gceist i bhformhór na mBallstát, is mná a bhí i mbreis agus

fiach, táirgeadh bia/tobac/deochanna, muilte sábhadóireachta, tógáil, léiriú scannán/teilifíse, uisce-iompar paisinéirí, trádáil mhórdhíola/mhiondíola, gníomhaíochtaí tionsclaíocha, seirbhísí a thacaíonn leis na taibhealaíona nó leis an innealtóireacht shibhialta.

[26] Mura luaitear a mhalairt, is iad figiúirí Eurostat na figiúirí a luaitear. Maidir le figiúirí 2019, tá sonraí in easnamh i gcás na Beilge agus na Fraince, féach: Údaruithe chun críche obair shéasúrach de réir stádais, fad bailíochta, earnáil eacnamaíoch agus saoránachta [migr_ressw1_1].

[27] Móide 22 079 gcinneadh 'athnuaite', go príomha san Ostair (19 805), sa Fhrainc (1 183) agus sa Chróit (863). Shoiléirigh an Ostair i ndáil le seirbhísí an Choimisiúin go n-áirítear leis na 19 805 athnuachan 15 397 gcead shéasúracha ar feadh suas le 6 mhí a eisíodh den chéad uair le haghaidh séasúr sonrach cé nárbh é an chéad uair a eisíodh d'oibrí sonrach iad, agus 4 408 n-athnuachan chun síneadh a chur le tréimhse fanachta le haghaidh fanacht iomlán suas le 9 mí laistigh den tréimhse 12 mhí.

[28] Tá sonraí maidir leis an mBeilg in easnamh.

[29] Mar shampla, ón mBeilg, ón gCipir agus ón bhFrainc.

[30] Mar shampla, sa Ghréig, sa Spáinn, sa Fhrainc.

[31] An Ostair, an Spáinn, an Iodáil agus an Rómáin.

[32] Féach Roinn III.2.b thíos agus, le haghaidh faisnéis níos mionsonraithe, an Tuarascáil Cur Chun Feidhme ar an Treoir maidir le Smachtbhannaí in aghaidh Fostóirí.

[33] Ríomhadh na comhiomláin bunaithe ar na sonraí a bhí ar fáil. Tá sonraí de réir inscne in easnamh i gcás na Gearmáine agus na Portaingéile in 2024.

88 % de na hoibrithe séasúracha faoin Treoir sa Pholainn (4 516) agus i mbreis agus 80 % díobh sa Spáinn (16 677)[34].

Léirítear le sonraí Eurostat le haghaidh 2024 gur mó na húdaruithe a bhaineann leis an talmhaíocht, leis an bhforaoiseacht agus leis an iascaireacht (196 650; 72 %) agus le gníomhaíochtaí cóiríochta agus seirbhísí bia (47 203; 17 %). Tá roinnt Ballstát a bhraitheann ar chonairí comhthreomhara um ligean isteach nach rialaítear leis an Treoir chun freastal ar riachtanais shéasúracha lucht saothair. Baineann siad úsáid freisin as mic léinn[35], iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta nó tairbhithe na cosanta idirnáisiúnta[36] ó thíortha nach Ballstáit den Aontas iad, agus as ceadanna náisiúnta fostaíochta séasúracha le haghaidh daoine atá i láthair ar a gcríoch cheana féin. Oibríonn náisiúnaigh eile tríú tír, a bhfuil sé de cheart acu obair nó gníomhaíocht le haghaidh luach saothair a dhéanamh, in earnálacha séasúracha freisin. Tá sciar na n-oibrithe a fhostaítear go neamhdhleathach ó thíortha nach Ballstáit den Aontas iad fós ard in earnálacha séasúracha i roinnt mhaith Ballstát[37].

D'fhéadfadh sainmhínithe náisiúnta éagsúla ar earnálacha séasúracha, arb í an lánrogha leathan atá ag na Ballstáit faoin Treoir agus conairí comhthreomhara um ligean isteach le haghaidh obair shéasúrach is cúis leo, cosaint mhíchothrom a chruthú d'oibrithe agus deacrachtaí faireacháin, pleanála cigireachtaí agus inchomparáideachta sonraí a chruthú ar fud an Aontais.

b. Údaruithe le haghaidh obair shéasúrach, critéir um ligean isteach, nósanna imeachta agus táillí

Le hAirteagal 12 den Treoir, ceanglaítear ar na Ballstáit údarú a eisiúint le haghaidh obair shéasúrach má chomhlíontar na coinníollacha um ligean isteach agus mura bhfuil aon fhoras ann

---

[34] Is mná a bhí i gcion suntasach de na chéad údaruithe a eisíodh freisin san Fhionlainn (2 714, 58 %), sa Chróit (45 %, 7 530), san Ostair (35 %, 2 023), sa Bhulgáir (2 730, 29 %), sa Ghréig (3 804, 25 %). D'eisigh an Iodáil 9 142 údarú le haghaidh obair shéasúrach do mhná, cé nach raibh i gceist leis sin ach 6 % d'fhigiúr iomlán na tíre.

[35] Sa Ghearmáin, is trí bhíthin scéimeanna déthaobhacha amháin, leis an Moldóiv agus leis an tSeoirsia, a chuireann sí an Treoir maidir le hoibrithe séasúracha i bhfeidhm le haghaidh tréimhsí fanachta suas le 90 lá a riartar tríd an tseirbhís fostaíochta phoiblí. Ferienbeschäftigung für. Studierende – Auswärtiges Amt; Comhairle Saineolaithe um Lánpháirtiú agus Imirce (*Sachverständigenrat für Integration und Migration (SVR)*), obair fhorbhásach (*prekäre Beschäftigung*), rannpháirtíocht fhorbhásach (*prekäre Teilhabe*), Bericht, 2023.

[36] an Iodáil agus an Ghréig. Foinsí: Eurispes, Agromafie, An t-ochtú tuarascáil ar choireanna agraibhia san Iodáil (*8° rapporto sui crimini agroalimentari in Italia*), 2025; Hoque, an Institiúid um Beartas Imirce, *Trapped by Italy's Policy Paradox, Asylum Seekers and Other Migrants Can Fall into Exploitative Farm Labor*, Lúnasa 2024; Guidi/Berti, *'Labor exploitation in the Italian agricultural sector: the case of vulnerable migrants in Tuscany'*, Front sociol. an 4 Deireadh Fómhair 2023; Piovesan, Della Puppa, *'Da richiedenti asilo a lavoratori essenziali'* ('Ó iarrthóirí tearmainn go hoibrithe riachtanacha'), Anno XIV, uimh. 1/2024, *Rivista quadrimestrale dell'INAPP (Istituto Nazionale per l'Analisi delle Politiche Pubbliche)* (Athbhreithniú Ráithiúil ar an Institiúid Náisiúnta um Anailís ar Bheartas Poiblí). Blouchoutzi/Zaples/Manou/Papathanasiou, *'Refugees' Settlement in Greece: Employment in Agriculture as a Criterion for an Alternative Dispersal Plan'* [Lonnaíocht Dídeanaithe sa Ghréig: Fostaíocht sa Talmhaíocht mar Chritéir le haghaidh Plean Scaipthe Malartach], Growth and Change 2025, Imleabhar 56, Eagrán 2, lch. 1; Generation 2.0 RED, SolidarityNow, *Revealing the Unseen Migrant Workers*, Joint Research Study, 2025.

[37] Féach Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le cur i bhfeidhm Threoir 2009/52/CE an 18 Meitheamh 2009 lena ndéantar foráil maidir le híoschaighdeáin do smachtbhannaí agus bearta in aghaidh fostóirí náisiúnach tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach.

le diúltú, faoi réir, i gcás inarb ábhartha, cuótaí a bheith ar fáil. Rinne beagnach gach Ballstát an oibleagáid sin a thrasuí i gceart.

De réir shonraí Eurostat, in 2024, bhain formhór na n-údaruithe le haghaidh obair shéasúrach le tréimhsí fanachta níos faide ná 90 lá. Níor eisíodh ach 11 % (30 843) díobh le haghaidh tréimhsí fanachta nach faide ná 90 lá. Ba iad an Bhulgáir agus an Fhionlainn is mó a d'eisigh údaruithe gearrfhanachta den sórt sin, agus is é 81 % (7 744) agus 74 % (3 463) dá n-iomláin faoi seach a bhí iontu[38].

Údaruithe nach faide ná 90 lá – Airteagal 5 agus Airteagal 12(1)

I gcás obair shéasúrach ghearrfhanachta, nach faide ná 90 lá, cuireann na Ballstáit ceann amháin nó níos mó de na trí shamhail údarúcháin a leagadh amach in Airteagal 12(1) den Treoir i bhfeidhm: víosa ghearrfhanachta thiomnaithe le haghaidh obair shéasúrach[39], teaglaim de víosa ghearrfhanachta agus cead fostaíochta[40], nó cead fostaíochta neamhspleách le haghaidh daoine nach gceanglaítear víosa a bheith acu[41]. Is iondúil go mbíonn dhá chéim i gceist leis na nósanna imeachta chun údarú a fháil, agus is minic a lorgaíonn fostóirí formheas/cead fostaíochta ar dtús ó na húdaráis saothair inniúla, agus ansin, más gá, déanann oibrí iarratas ar víosa.

Rinneadh na ceanglais doiciméadachta chun údarú a fháil a chuíchóiriú agus a chomhchuibhiú den chuid is mó i gcomhréir leis an liosta uileghabhálach in Airteagal 5 den Treoir. Fuarthas sa mheasúnú comhréireachta, áfach, nach raibh reachtaíocht náisiúnta 16 Bhallstát i gcomhréir leis an Treoir ar dtús. Cheangail sé Bhallstát doiciméid bhreise, amhail árachas sláinte lena gcumhdófaí an tréimhse fanachta iomlán (seachas gan é a cheangal ach amháin ar feadh tréimhsí nach gcumhdaítear an t-oibrí séasúrach le slándáil shóisialta an Bhallstáit), cruthúnas ar cháilíochtaí gairmiúla, nó ráthaíochtaí airgeadais go bhfillfidís. Níor cheangail naoi mBallstát roinnt de na doiciméid éigeantacha, amhail conradh oibre nó tairiscint cheangailteach poist, fianaise ar árachas breoiteachta nó fianaise ar chóiríocht leordhóthanach. Tugadh aghaidh ar na heasnaimh sin le bearta maidir le trasuí ina dhiaidh sin, ach tá na ceanglais fhianaiseacha fós éagsúil ó Bhallstát go Ballstát: mar shampla, ceanglaíonn Ballstáit áirithe dearbhuithe ó fhostóirí[42], ach ceanglaíonn Ballstáit eile fianaise chonarthach fhoirmiúil[43]. Tá seiceálacha leordhóthanacha um réamhligean isteach arna ndéanamh ag na húdaráis náisiúnta ábhartha ríthábhachtach fós chun dálaí cuibhiúla oibre agus maireachtála a áirithiú, oibrithe a chosaint agus mí-úsáid agus calaois a chosc, rud a

[38] Eisíodh líon mór teideal gearrfhanachta freisin sa Chróit (7 597, 46 %), sa Pholainn (1 729, 34 %), san Ostair (1 944, 34 %) agus san Iodáil (6 199, cé nach bhfuil ansin ach 4 % d'iomlán na hIodáile).

[39] Mar shampla, an Bhulgáir, an Chipir, an Ghréig, an Fhionlainn, an Iodáil, Lucsamburg, an Laitvia agus an Phortaingéil.

[40] Mar shampla, an Ostair, an Bheilg, an tSeicia, an Spáinn, an Ungáir, an Liotuáin, Málta, an Ísiltír, an Pholainn, an Rómáin agus an tSlóvaic.

[41] Mar shampla, an Chipir, an Ghearmáin, an Eastóin, an Fhionlainn, an Chróit, an tSualainn agus an tSlóivéin.

[42] Mar shampla, an Ostair, an Ghearmáin, an Laitvia, Málta agus an Ísiltír.

[43] Mar shampla, an Bhulgáir, an Chipir, an tSeicia, an Spáinn, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Chróit, an Liotuáin, Lucsamburg agus an tSlóivéin.

léiríodh le seiceálacha níos déine um réamhligean isteach i roinnt Ballstát, ar rátaí diúltaithe iarratais níos airde a bhí mar thoradh orthu[44].

Údaruithe níos faide ná 90 lá – Airteagal 6 agus Airteagal 12(2)

In 2024 d'eisigh na Ballstáit 240 104 údarú oibre séasúraí le haghaidh tréimhsí fanachta níos faide ná 90 lá, lena n-áirítear 65 942 údarú le haghaidh tréimhsí fanachta ó 91 lá go 5 mhí agus 174 162 údarú le haghaidh tréimhsí fanachta ó 91 lá go 9 mí. Maidir leis an gcineál sin údaraithe, roghnaigh na Ballstáit an rogha faoi Airteagal 12(2) den Treoir is fearr a oireann do na socruithe náisiúnta um imirce agus um bainistiú mhargadh an tsaothair atá acu cheana: baineann roinnt díobh úsáid as víosaí fadfhanachta[45], baineann roinnt eile úsáid as ceadanna aonair le haghaidh cónaithe agus cead fostaíochta[46], gan víosa a cheangal ach mar fhoirmiúlacht iontrála amháin, má cheanglaítear in aon chor í, agus comhcheanglaíonn a bhformhór víosaí fadfhanachta le ceadanna cónaithe[47]. D'fhág sé sin go bhfuil nósanna imeachta an-éagsúil ar fud an Aontais fós. An tráth céanna, déantar na ceanglais doiciméadachta le haghaidh na n-údaruithe fadfhanachta sin a chuíchóiriú agus a chomhchuibhiú freisin i gcomhréir leis an liosta uileghabhálach in Airteagal 6. Rinne na Ballstáit a reachtaíocht a ailíniú le hAirteagal 6 den Treoir, den chuid is mó, tar éis cásanna tosaigh de thrasuí mícheart a cheartú.

Oibleagáid fógra a thabhairt faoin gcinneadh maidir le hiarratas laistigh de 90 lá – Airteagal 18(1)

Chun tuilleadh deimhneachta dlíthiúla a sholáthar agus chun é a chur ar a gcumas d'fhostóirí agus d'oibrithe pleanáil laistigh den tréimhse shéasúrach ghearr atá íogair ó thaobh ama de, ceanglaítear ar na Ballstáit le hAirteagal 18(1) den Treoir fógra i scríbhinn a thabhairt d'iarratasóirí faoi chinneadh maidir lena n-iarratas a luaithe is féidir agus, ar a dhéanaí, laistigh de 90 lá ón dáta a cuireadh iarratas iomlán isteach. Tá trasuí na forála sin comhlíontach ar fud an Aontais den chuid is mó, ach bhí roinnt cásanna de thrasuí mícheart i sé Bhallstát ar dtús, amhail: gan tús a chur leis an teorainn ama chun cinneadh a ghlacadh maidir leis an iarratas go dtí gur tugadh fógra don iarratasóir faoi iomláine an iarratais, ceanglas an cinneadh a ghlacadh go tráthúil in ionad fógra tráthúil a thabhairt don iarratasóir in am trátha, go bhféadfadh síntí gan údar a bheith indéanta, agus gan aon oibleagáid fógra faoi dhiúltú a thabhairt i scríbhinn.

Sa chleachtas, bíonn éagsúlacht mhór ann fós idir amanna próiseála i mBallstáit éagsúla, léiriú ar shocruithe riaracháin éagsúla, an líon údarás lena mbaineann, tástálacha ar an margadh saothair nó

[44] An tSualainn (What does the Swedish Migration Agency do to counteract abuse and crime? – Gníomhaireacht Imirce na Sualainne); Le linn cheardlann ECFE, thuairiscigh an Fhrainc ráta diúltaithe iarratas de thart ar 40 % i gcás oibrithe séasúracha ó Mharacó mar gheall ar chalaois nó easnamh i leith próifílí poist le haghaidh 2024, fonóta 19.

[45] Mar shampla, an Ostair, an Eastóin agus an Liotuáin (agus réamhúdarú fostaíochta á cheangal acu uile), an tSeicia, an Ghréig, an Laitvia agus an Phortaingéil.

[46] Mar shampla, an Chipir, an Fhionlainn (ní cheanglaítear víosa bhreise), an tSualainn, an tSlóvaic agus an tSlóivéin.

[47] Mar shampla, an Bheilg, an Bhulgáir, an Ghearmáin, an Spáinn, an Fhrainc, an Chróit, an Iodáil, Lucsamburg, Málta, an Pholainn agus an Rómáin.

cuótaí a bheith in úsáid[48], nósanna imeachta réigiúnaithe, leibhéil digitithe agus na hacmhainní atá ar fáil. Is gnách gur le samhlacha cuíchóirithe iarratais ar líne a sholáthraítear na torthaí is tapúla, go háirithe i gcás tréimhsí fanachta nach faide ná 90 lá[49], agus go mbíonn nósanna imeachta ilúdaráis um chead, atá faoi cheangal cuóta agus a bhainistítear go háitiúil nó go réigiúnach, go páirteach ar a laghad, níos fadálaí[50]. Thug fostóirí agus ionadaithe ó na Ballstáit dá n-aire gur féidir le nósanna imeachta casta nó fada atá fós i bhfeidhm i roinnt Ballstát bac a chur ar earcú dlíthiúil oibrithe séasúracha ó thríú tíortha[51]. Meastar maidir le Staidéar ón gCoimisiún/ECFE dar teideal 'Making Migration Work: Admitting Labour Migrants', atá ar na bacáin, go dtabharfar tuilleadh léargais leis ar chomhdhéanamh agus ar fhad reatha na nósanna imeachta um ligean isteach sna Ballstáit.

Forais leis an diúltú agus le tarraingt siar – Airteagail 8 agus 9

Bhí ar na Ballstáit rialacha náisiúnta maidir le diúltú agus tarraingt siar a thabhairt i gcomhréir leis na forais uileghabhálacha a leagadh amach in Airteagail 8 agus 9 den Treoir. Ar dtús, chuir 11 Bhallstát forais leis, nó choinnigh siad forais, nár foráladh dóibh sa Treoir nó theip orthu forais éigeantacha áirithe a thrasuí, lena n-áirítear forais a bhaineann le neamhghníomhaíocht ghnó nó smachtbhannaí roimhe sin as obair neamhdhearbhaithe nó sáruithe ar an Treoir. Ceartaíodh an trasuí mícheart i bhformhór na gcásanna ó shin.

Thaifead Eurostat 11 101 údarú oibre séasúraí a tarraingíodh siar in 2024. Níl ach 10 mBallstát a thuairiscigh aistarraingtí, agus is in dhá thír a comhchruinníodh beagnach 90 % de na haistarraingtí foriomlána san Aontas: sa Ghréig (7 917, 71 % de na haistarraingtí ar fad, arb ionann é agus 52 % de na ceadanna a d'eisigh an Ghréig) agus sa Chróit (2 015, 18 % de na haistarraingtí, arb ionann é agus 12 % de na ceadanna a d'eisigh an Chróit[52]). Thuairiscigh an Ghréig freisin gur tarraingíodh siar 84 % de na ceadanna in 2023. Thuairiscigh an Iodáil agus an Liotuáin líon mór tarraingt siar in 2024 freisin, is é sin 440 agus 346 faoi seach, agus ní raibh ach líon beag díobh i bhformhór na mBallstát eile, má ba ann dóibh, d'ainneoin chineál ardriosca na n-earnálacha séasúracha. D'fhéadfadh an éagsúlacht sin a bheith ina léiriú ar thuairisciú neamhiomlán do Eurostat, ar ré ghearr na n-údaruithe, iad ag dul in éag go minic seachas á dtarraingt siar, agus, i gcásanna áirithe, ar ghníomhaíocht chigireachta theoranta, agus rátaí ísle braith, smachtbhannaí agus tarraingt siar dá réir.

Táillí comhréireacha – Airteagal 19

---

[48] Mar shampla, san Ostair, sa Bheilg, sa tSeicia, sa Spáinn, san Ungáir, san Iodáil, i Lucsamburg, i Málta, sa Pholainn, sa Rómáin, sa tSlóivéin agus sa tSlóvaic. Chomh maith leis sin, an Fhionlainn i gcás ceadanna aonair níos faide ná 6 mhí.

[49] Mar shampla, san Eastóin, san Fhionlainn agus sa Chróit.

[50] Mar shampla, sa Ghréig agus san Iodáil.

[51] Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide (FBManna) Aontaithe, Cónaidhm na nGnóthas Eorpach, SGI Europe (seirbhísí leasa ghinearálta), Ionchur Fostóirí tar éis éisteacht na gcomhpháirtithe sóisialta i ndáil leis an Treoir maidir le hOibrithe Séasúracha agus an Treoir maidir le Smachtbhannaí in aghaidh Fostóirí, an 19 Nollaig 2025; Staidéar spriocdhírithe, fonóta 7.

[52] Thuairiscigh an Chróit gur tharla tarraingt siar sa chás nach raibh Airteagail 5 agus 6 den Treoir á gcomhlíonadh a thuilleadh.

Le hAirteagal 19 den Treoir, ceadaítear do na Ballstáit táillí a ghearradh as iarratais ar obair shéasúrach a phróiseáil, ar choinníoll nach bhfuil siad díréireach ná iomarcach. Is cosúil go mbíonn na táillí i gcoitinne comhréireach, ach tá trí Bhallstát[53] a ghearrann táillí réasúnta ard ar údaruithe ar faide ná 90 lá iad. Leithdháileann roinnt Ballstát cuid de na costais ar fhostóirí[54]. Is minic a thoirmisctear ar idirghabhálaithe ceadúnaithe a fheidhmíonn sna Ballstáit muirear a ghearradh ar oibrithe. Mar sin féin, tá fianaise ann fós ar mhí-úsáidí, go príomha, cé nach go heisiach, i dtíortha tionscnaimh, arna ndéanamh ag idirghabhálaithe neamhcheadúnaithe le linn earcaíochta agus ligean isteach, uaireanta le linn fostaíochta freisin[55], rud a léiríonn gur gá comhar leis na tíortha sin a neartú agus dlús a chur le maoirseacht.

c. Síneadh a chur le tréimhse fanachta, fostóir a athrú agus imirce chiorclach a éascú

Síneadh a chur le tréimhse fanachta leis an bhfostóir céanna nó le fostóir eile – Airteagal 15

Le hAirteagal 15 den Treoir, ceanglaítear ar na Ballstáit a áirithiú gur féidir le hoibrithe séasúracha tríú tír, laistigh den uastréimhse cúig mhí go naoi mí a leagadh síos in Airteagal 14, síneadh amháin ar a laghad a chur lena dtréimhse fanachta leis an bhfostóir céanna, agus fostóir a athrú uair amháin ar a laghad. Féadfaidh na Ballstáit síntí iomadúla a cheadú. Is é is aidhm don fhoráil an soláthar lucht saothair a dhaingniú agus laghdú ar leochaileacht oibrithe trína spleáchas ar fhostóir aonair a theorannú.

Ceadaíonn gach Ballstát síneadh amháin ar a laghad ar thréimhse fanachta leis an bhfostóir céanna agus, i bhformhór na gcásanna, síntí iomadúla[56]. Ceartaíodh formhór na saincheisteanna comhlíontachta tosaigh i gcás sé Bhallstát, amhail síntí a theorannú do thréimhsí fanachta os cionn 90 lá nó faoi bhun 90 lá, caitheamh le síntí mar rud roghnach, nó coinníollacha a chur isteach nár foráladh dóibh in Airteagal 15(1) den Treoir.

Ceadaíonn gach Ballstát athrú fostóra amháin ar a laghad freisin, agus ceadaíonn an chuid is mó díobh[57] athruithe iomadúla laistigh den uastréimhse. Braitheadh saincheisteanna neamhchomhlíontachta tosaigh i ndlí náisiúnta ocht mBallstát a bhí cosúil leo siúd a tuairiscíodh i gcás síntí leis an bhfostóir céanna, agus tugadh aghaidh orthu sin.

---

[53] An Fhionlainn, Málta agus an Ísiltír.

[54] Mar shampla, an Ghréig agus an Liotuáin.

[55] Féach, mar shampla, Hooper et al., *Best Practices for Designing and Management Labour Migration Corridors to Europe*, 2025; An Fhondúireacht Heilléanach um Beartas Eorpach agus Eachtrach (ELIAMEP), Páipéar beartais164/2024, *'Looking for seasonal workers: Greece's search for migrant labour*', lch. 19; Solidar, *Realizing Fair and Just Working Conditions for Migrant Workers in Europe*, 2025, lch. 23. Le linn cheardlann ECFE/NL, thuairiscigh an Fhrainc freisin an fhadhb a bhaineann le táillí arda a bheith á ngearradh ag idirghabhálaithe ar oibrithe séasúracha as cúnamh le linn earcaíochta, fonóta 19.

[56] Mar shampla, an Bheilg, an Chipir, an tSeicia, an Ghearmáin, an Eastóin, an Spáinn, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ungáir, an Iodáil, Lucsamburg, an Laitvia, Málta, an Ísiltír, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSualainn agus an tSlóvaic.

[57] Mar shampla, an Ostair, an Bheilg, an Chipir, an tSeicia, an Ghearmáin, an Eastóin, an Spáinn, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ungáir, an Iodáil, an Laitvia, Málta, an Ísiltír, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSualainn agus an tSlóivéin.

I gcuid mhaith de na córais, ceanglaítear údarú nua le haghaidh gach athrú fostóra. Níl ach líon teoranta Ballstát[58] a cheadaíonn athruithe faoin údarú céanna, uaireanta trí bhíthin iarratas simplithe chun fostóir a chur leis[59] nó le nós imeachta um fhógra a thabhairt maidir le glacadh freagrachta[60]. Leis an digitiú, spriocdhátaí cinnteoireachta níos déine agus, i gcásanna áirithe, deireadh a chur le seiceálacha cuótaí, éascaíodh athnuachaintí i roinnt Ballstát[61].

Faoi Airteagal 18(2) den Treoir, déanfaidh na Ballstáit gach beart réasúnach chun a áirithiú gur féidir le hoibrithe séasúracha leanúint de bheith ag obair leis an bhfostóir céanna nó le fostóir eile fad a dhéantar iarratas ar shíneadh nó ar athnuachan a phróiseáil. Bhí trí Bhallstát nár áirithigh comhlíonadh iomlán ar dtús, ach tá aghaidh tugtha acu ar an gceist anois.

Mar sin féin, is cosúil gur rud eisceachtúil iad athnuachaintí agus athruithe fostóra fós sa chleachtas. In 2024, thuairiscigh 11 Bhallstát 6 682 údarú oibre séasúraí athnuaite, go príomha san Ostair (4 408)[62]. Tugtar le fios leis an nglacadh teoranta sin nár baineadh amach go dtí seo acmhainneacht iomlán an chirt chun fostóir a athrú ar mhaithe le hoibrithe séasúracha a bhfuil taithí acu a choinneáil, rud a léiríonn nach mór aghaidh a thabhairt ar bhacainní praiticiúla, amhail easpa feasachta ar an bhféidearthacht fostóir a athrú agus nósanna imeachta athnuachana atá róchasta le haghaidh séasúir ghearra.

Ag tacú leis an imirce chiorclach – Airteagal 16

Faoi Airteagal 16 den Treoir, éascóidh na Ballstáit athiontráil oibrithe séasúracha *bona fide* a ligeadh isteach uair amháin ar a laghad laistigh den tréimhse 5 bliana roimhe sin agus a chomhlíon oibleagáidí a bhfanachta. Léiríodh sa mheasúnú comhlíontachta go raibh seacht mBallstát nach ndearna foráil maidir le haon éascú nó a theorannaigh é d'fhochatagóirí sonracha (go háirithe tréimhsí fanachta níos faide ná 90 lá nó athfhostaíocht leis an bhfostóir céanna). Sa chomhthéacs sin, is iondúil go mbíonn éascú i bhfoirm próiseáil níos tapúla[63], láimhseáil tosaíochta[64], éascú doiciméadachta[65] agus, i líon teoranta cásanna, údaruithe ilséasúir[66]. Tríd an gcomhlíonadh a chúiteamh, is féidir leis na socruithe sin líon na bhfillteacha ordúla a mhéadú agus athligean isteach dlíthiúil intuartha a chur chun cinn. Tá dea-chleachtas sa Fhrainc i ndáil leis sin, tríd an údarú

[58] Mar shampla, an Bheilg, an Fhionlainn agus an Iodáil.
[59] an Fhionlainn
[60] an Bheilg
[61] Mar shampla, an Ostair, an Spáinn, an Fhrainc agus an Phortaingéil.
[62] Cé gur thuairiscigh an Ostair do ESTAT gur eisíodh 19 805 údarú mar údaruithe athnuaite, shoiléirigh sí gur bhain 15 397 de na húdaruithe sin le tréimhsí athfhanachta i gcás an duine chéanna le linn uastréimhse/séasúr nua, rud nach gcáilíonn mar shíneadh. Thuairiscigh an Fhrainc (1 183) agus an Chróit (863) gur eisigh siad líon mór údaruithe athnuaite freisin.
[63] San Ostair (i gcás nósanna imeachta maidir le víosaí), sa Bheilg, sa Bhulgáir, sa Chipir, san Ungáir, san Iodáil, sa Laitvia, i Málta, sa Phortaingéil, sa tSualainn, sa tSlóivéin agus sa tSlóvaic.
[64] San Ostair (i gcás nósanna imeachta maidir le víosaí), sa Chipir, sa tSeicia, sa Ghearmáin, san Iodáil, i Málta, sa Pholainn agus sa Phortaingéil.
[65] San Fhionlainn, sa Chróit, i Lucsamburg, i Málta, san Ísiltír, sa Phortaingéil agus sa Rómáin.
[66] San Ostair, sa Chipir, sa Fhrainc, sa Ghréig, sa Spáinn, san Iodáil agus sa Pholainn i gcás tíortha tionscnaimh ar leith.

ilséasúir a chomhcheangal leis an oibleagáid an filleadh ar an tír thionscnaimh a chlárú laistigh de 15 lá tar éis don chonradh oibre dul in éag, chun rófhanacht a chosc[67].

Tá roinnt Ballstát[68] freisin a bhunaigh scéimeanna déthaobhacha d'oibrithe séasúracha le tíortha sonracha nach Ballstáit den Aontas iad. Le scéimeanna den sórt sin is féidir conairí ciorclacha níos sábháilte agus níos iontaofa a sholáthar trí chuótaí a shocrú, an earcaíocht a chaighdeánú, tacú leis an imirce chiorclach agus coimircí a leabú trí bhíthin samhailchonarthaí, gealltanais tithíochta agus socruithe slándála sóisialta. Soláthraíonn comhpháirtíochtaí tallainne leis an Túinéis, le Maracó, leis an Éigipt, leis an mBanglaidéis agus leis an bPacastáin[69] soghluaisteacht chiorclach lucht saothair séasúrach freisin sa talmhaíocht agus sa turasóireacht agus cuidíonn siad chun imirce chiorclach chothrom agus inbhuanaithe a oibríochtú i gcomhréir leis an Treoir. Leis an Meabhrán Tuisceana (MT) idir an tAontas agus an India maidir le creat cuimsitheach comhair le haghaidh na soghluaisteachta[70] féachtar le soghluaisteacht chiorclach oibrithe séasúracha ón India chuig an Aontas a éascú i gcomhréir leis an Treoir. Tacaíonn an Coimisiún leis na scéimeanna soghluaisteachta ciorclaí sin a fhorbairt agus a oibríochtú le haghaidh obair shéasúrach trí chistiú spriocdhírithe[71], lena n-áirítear faoin tSaoráid Chomhpháirtíochta i gcomhair Imirce. Tá dhá threoirphlean earnáilsonracha don Fhostaíocht Shéasúrach agus Chóir le haghaidh na talmhaíochta agus na turasóireachta á bhforbairt faoi láthair chun treoraíocht phraiticiúil a thabhairt do na Ballstáit ina leith[72].

2. Oibrithe séasúracha tríú tír a chosaint níos fearr

Bunaítear creat cuimsitheach leis an Treoir chun dálaí oibre cothroma agus dálaí maireachtála leordhóthanacha a áirithiú le haghaidh oibrithe séasúracha tríú tír. Trína dhéanamh éigeantach do na Ballstáit faisnéis inrochtana maidir le cearta, oibleagáidí agus sásraí gearáin a chur ar fáil, agus trí fhaireachán, cigireachtaí agus smachtbhannaí a neartú, féachann an Treoir freisin le hoibrithe a chumhachtú chun a gcearta a fhorfheidhmiú agus chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh fostóirí an Treoir agus go ndíspreagfar cleachtais mhí-úsáideacha.

---

67 Thuairiscigh an Fhrainc é sin le linn cheardlann ECFE/na hÍsiltíre, fonóta 19.

68 Mar shampla, an Spáinn le Maracó (clár GECCO um fhostaíocht imirceach agus um imirce chiorclach), chomh maith le MTanna nua (2024) leis an Máratáin, leis an nGaimbia agus leis an tSeineagáil; an Fhrainc le Maracó agus leis an Túinéis; an Ghearmáin leis an tSeoirsia agus leis an Moldóiv; an Ghréig leis an Éigipt agus leis an mBanglaidéis, agus, faoi chaibidil faoi láthair, MTanna maidir le soghluaisteacht lucht saothair, lena n-áirítear sa turasóireacht agus sa talmhaíocht, leis an Airméin, leis an tSeoirsia, leis an Moldóiv, leis an India, leis na hOileáin Fhilipíneacha agus le Vítneam; tá comhaontuithe ginearálta maidir le soghluaisteacht lucht saothair, lena n-áirítear oibrithe séasúracha, ag an bPortaingéil leis an India, le Maracó agus le pobal na dtíortha ina labhraítear an Phortaingéilis; an Iodáil le Maracó.

69 Féach Comhpháirtíochtaí Tallainne - Imirce agus Gnóthaí Baile - An Coimisiún Eorpach.

70 Féach I dtreo 2030: Clár Oibre Straitéiseach Cuimsitheach Comhpháirteach idir an tAontas Eorpach agus an India.

71 Mar shampla, le WAFIRA (2021-2025) agus WAFIRA II (2025-2028, a leathnaíodh chuig an bhFrainc) arna gcistiú ag an Aontas, tionscadail a chomhchistítear faoi AMIF lena méadaítear an earcaíocht eiticiúil, cosaint chearta oibrithe, filleadh agus ciorclaíocht trí thacaíocht ath-lánpháirtithe d'oibrithe séasúracha baineanna ó Mharacó.

72 Lena soláthar in 2026, Treoirphleananna fostaíochta Séasúracha agus cothroma – Lárionad Idirnáisiúnta um Fhorbairt Beartas Imirce.

I gcás oibrithe séasúracha tríú tír a thagann faoina raon feidhme, mhéadaigh trasuí agus cur i bhfeidhm na Treorach ar leibhéal na cosanta i gcomparáid leis an staid sularbh ann don Treoir. Mar sin féin, tá easnaimh mhóra ar fud na mBallstát fós i ndáil le dúshaothrú lucht saothair, cearta oibrithe agus cóiríocht leordhóthanach, agus i ndáil le rochtain ar shlándáil shóisialta, agus táthar fós á dtuairisciú in earnálacha séasúracha.

Mar gheall ar raon feidhme na Treorach agus an easpa sonraí imdhealaithe agus inchomparáide[73] is deacair easnaimh a chumhdaítear leis an Treoir agus a dhéanann difear d'oibrithe séasúracha a chainníochtú go beacht. Is annamh a dhéantar sonraí cigireachta agus staidrimh a imdhealú bunaithe ar stádais dhlíthiúla shonracha na n-oibrithe a ndéantar difear dóibh. I bhfianaise leitheadúlacht dhoiciméadaithe na rioscaí san obair shéasúrach agus na dtásc arna dtabhairt go comhsheasmhach ag na Ballstáit agus ag páirtithe leasmhara, tá sé réasúnach a mheas go ndéanann na rioscaí sin difear freisin d'oibrithe a thagann faoi raon feidhme na Treorach, cé go bhféadfadh sé go minic nárbh iad sin is mó a ndéanfaí difear dóibh mar gheall ar chreat cosanta na Treorach[74]. Sa chomhthéacs sin, shainaithin an Coimisiún na ceithre réimse tosaíochta seo a leanas ar gá níos mó a dhéanamh ina leith chun dálaí córa oibre agus dálaí maireachtála cuibhiúla a áirithiú i gcomhréir le cuspóirí na Treorach.

a. A chur ar a gcumas d'oibrithe séasúracha tríú tír a gcearta a fhorfheidhmiú

Faisnéis a sholáthar – Airteagal 11

Le hAirteagal 11(1) den Treoir ceanglaítear ar na Ballstáit rochtain éasca a thabhairt d'iarratasóirí ar an bhfaisnéis uile maidir leis an doiciméadacht a cheanglaítear agus na coinníollacha iontrála agus fanachta, lena n-áirítear cearta, oibleagáidí agus coimircí nós imeachta. Le hAirteagal 11(2) den Treoir ceanglaítear ar na Ballstáit, nuair a eisítear údarú, an fhaisnéis sin maidir le cearta agus oibleagáidí, lena n-áirítear nósanna imeachta gearáin, a thabhairt d'oibrithe i scríbhinn. Comhlíonann formhór na mBallstát na hoibleagáidí sin, cé nach bhfuil Airteagal 11(1) trasuite go sainráite ag roinnt Ballstát agus nach raibh sé trasuite i gceart ag 16 Bhallstát ar dtús. Mar thoradh ar iarrachtaí forfheidhmiúcháin, tháinig feabhas ar an staid i roinnt mhaith Ballstát. Sa chleachtas, cuireann gach Ballstát faisnéis ar líne ar fáil d'iarratasóirí, ach ní mar a chéile í ó thaobh iomláine agus inrochtaineachta de. Is iondúil go ndéantar gnéithe nós imeachta a dhoiciméadú go maith, ach bíonn faisnéis faoi na príomhchearta seo a leanas in easnamh go minic: an ceart chun fostóir a athrú (Airteagal 15(3)), athiontráil a éascú (Airteagal 16), an chosaint ar bhriseadh san obair má tá cinneadh ar feitheamh maidir le síneadh nó fad atáthar ag feitheamh le cinneadh maidir le hiarratas chun fostóir a athrú (Airteagal 18(2)), coimircí mionsonraithe tithíochta (Airteagal 20), an forléargas ar na cearta uile maidir le cóir chomhionann (Airteagal 23), agus an ceart chun cúitimh

[73] SafeHabitus, *'Seasonal and migrant workers in agri-food value chains'*, Faisnéis bheartais, 2025, lgh. 1-2; Staidéar spriocdhírithe, fonóta 7.

[74] Féach López-Sala/Molinero-Gerbeau, *'Coming out of the shadows? Housing conditions of irregular migrant workers in Spanish agricultural enclaves'*, *Revista Calitatea Vieții* 33(2), lch. 1 agus ina dhiaidh sin.

(Airteagal 17(2)). Tá soláthar faisnéise níos fearr d'oibrithe séasúracha sainaitheanta mar thosaíocht ag go leor Ballstát agus páirtithe leasmhara[75].

Ó thaobh na ndea-chleachtas de, tá roinnt Ballstát a chuireann tairseach aonair ilteangach sholáimhsithe ar fáil ina gcomhdhlúthaítear an fhaisnéis maidir leis na cearta uile agus ina mínítear na sásraí gearáin agus sásaimh[76].

Maidir leis an oibleagáid a leagtar amach in Airteagal 11(2) den Treoir, tá roinnt Ballstát a cheanglaíonn go mbeidh fógra i scríbhinn maidir le nósanna imeachta um chearta agus gearáin ag gabháil le cinntí agus go soláthrófar é an tráth céanna a eiseofar víosa agus/nó cead cónaithe agus go dtabharfar go díreach é d'oibrithe séasúracha tríú tír[77]. Maidir le samhlacha faoi stiúir fostóirí lena mbraitear ar fhostóirí chun oibrithe a chur ar an eolas faoina gcearta in éagmais fíorú córasach nó smachtbhannaí córasacha, d'fhéadfadh deacrachtaí a bheith ag baint leo maidir lena áirithiú go sroichfidh an fhaisnéis an t-oibrí go hiarbhír.

Sásraí éifeachtacha chun gearáin a thaisceadh agus sásamh dlíthiúil a lorg – Airteagal 25

Le hAirteagal 25 den Treoir, ceanglaítear ar na Ballstáit a áirithiú gur féidir le hoibrithe séasúracha tríú tír gearáin a thaisceadh agus sásamh dlíthiúil a lorg go héifeachtach. Cuireann gach Ballstát sásraí gearáin agus sásaimh ar fáil go foirmiúil, ceadaíonn siad ionadaíocht ó thríú páirtithe, a bhfuil leas dlisteanach acu, i gcomhréir leis na critéir a leagadh síos lena ndlí náisiúnta, maidir le comhlíonadh na Treorach seo a áirithiú, agus tairgeann siad coimircí in aghaidh frithbheartaíochta atá comhionann leo siúd le haghaidh náisiúnach. Mar sin féin, ní mar a chéile inrochtaineacht phraiticiúil agus éifeachtacht na gcóras sin ó thír go tír.

Tá roinnt Ballstát[78], inar deacair úsáid a bhaint as na sásraí gearáin agus sásaimh fós mar gheall ar bhacainní teanga agus digiteacha, infheictheacht theoranta na roghanna sásaimh atá ar fáil agus na tacaíochta chun rochtain a fháil orthu, agus/nó easpa bealaí soiléire gearáin i gcás cóiríocht neamhleor. Os a choinne sin, tá Ballstáit eile[79] inar tugadh isteach tairseacha so-úsáidte, línte cabhrach ilteangacha, sainorduithe simplithe le haghaidh ionadaíochta, roghanna tuairiscithe

[75] Le linn na ngníomhaíochtaí comhairliúcháin a liostaítear i bhfonótaí 18agus 19. Féach freisin SMEunited, BusinessEurope, SGI Europe, fonóta 51; Comhairle na hEorpa, Tionól Parlaiminteach, Rún 2536 (2024), *Precarious and irregular work situations of migrant seasonal and domestic workers* [Staideanna oibre forbhásacha agus neamhrialta oibrithe séasúracha agus tí ar imircigh iad], pointe 24.6; Generation 2.0 RED, SolidarityNow, fonóta 36, lch. 37; ELIAMEP, fonóta 55, lch. 25. Rialtas na Fionlainne, Cóiríocht d'Oibrithe Eachtracha agus a Maoirseacht, 2022, Roinn 4.4; Staidéar spriocdhírithe, fonóta 7; An tÚdarás Eorpach Saothair, fonóta 6, lch. 103. Cónaidhm Eorpach na gCeardchumann Turasóireachta, Bia agus Talmhaíochta, Ionchur i Scríbhinn le hÉisteacht na gComhpháirtithe Sóisialta i ndáil leis an Treoir maidir le Smachtbhannaí in aghaidh Fostóirí agus an Treoir maidir le hOibrithe Séasúracha, mí na Nollag 2025.

[76] Mar shampla, Lucsamburg, an Laitvia, Málta, an Ísiltír, an Phortaingéil agus an tSualainn.

[77] Mar shampla, an Fhrainc, Lucsamburg, an Laitvia, Málta, an Rómáin agus an tSualainn.

[78] Mar shampla, an Ostair, an Bhulgáir, an tSeicia, an Chipir, an Ghréig, an Chróit, an Ungáir, an Pholainn, an tSlóvaic, an tSlóivéin agus an Rómáin.

[79] Mar shampla, an Bheilg, an Ghearmáin, an Eastóin, an Spáinn, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Iodáil, an Liotuáin, Lucsamburg, an Laitvia, Málta, an Ísiltír agus an Phortaingéil.

anaithnide, sásraí gearáin sainráite a bhaineann le cóiríocht agus/nó sásraí díospóide brostaithe ar chostas íseal, chun an rochtain ar shásraí gearáin agus sásaimh a fheabhsú.

D'ainneoin na socruithe sin, is dócha go leanfar de thearcthuairisciú a thabhairt ar shárú chearta oibrithe séasúracha. Mar thoradh ar ghearrfhanacht na n-oibrithe séasúracha, feasacht theoranta ar a gcearta, a spleáchas braite ar fhostóirí, bacainní cultúrtha agus teanga, agus na rioscaí a mheastar a bheith ag baint le teagmháil a dhéanamh le comhlachtaí forfheidhmiúcháin, d'fhéadfaí oibrithe a dhíspreagadh go minic ó ghearáin a dhéanamh. Is díspreagthaí breise iad an deacracht a bhaineann le himeachtaí dlíthiúla a sheoladh óna dtír thionscnaimh, sáruithe a chruthú, cúiteamh nó pá aisghníomhach a fháil, agus an t-am a thógann sé é a dhéanamh, chomh maith leis na costais a bhíonn i gceist[80]. Cuireann ceardchumainn agus eagraíochtaí neamhrialtasacha faisnéis riachtanach, idirghabháil agus ionadaíocht ar fáil, cé nach bhfuil ach for-rochtain éagothrom acu ar oibrithe séasúracha tríú tír agus go bhfuil ballraíocht sna ceardchumainn fós íseal i measc an ghrúpa sin[81]. I gcás ina staonann oibrithe ó mhí-úsáidí a thuairisciú, sin foinse thábhachtach faisnéise amú ar an cigireachtaí. Baintear an bonn den luathbhrath dá bharr agus aistrítear an forfheidhmiú chuig cigireachtaí réamhghníomhacha agus rioscabhunaithe agus chuig foinsí malartacha sonraí. Shainaithin na Ballstáit agus páirtithe leasmhara freisin go bhfuil sé fíor-riachtanach oibrithe séasúracha tríú tír a chumasú ar bhealach níos fearr agus tacaíocht a thabhairt dóibh chun gearáin a thaisceadh agus sásamh dlíthiúil a lorg[82].

b. Faireachán, cigireachtaí agus smachtbhannaí a neartú

Faireachán, measúnú agus cigireachtaí – Airteagal 24

Le hAirteagal 24 den Treoir, ceanglaítear ar na Ballstáit bearta a ghlacadh chun mí-úsáidí na Treorach a chosc agus a bhrath agus chun smachtbhannaí a fhorchur i leith sáruithe ar an Treoir, lena n-áirítear trí fhaireachán, trí mheasúnú agus, i gcás inarb iomchuí, trí chigireachtaí lena ngabhann rochtain éifeachtach ar áiteanna oibre agus, le toiliú na n-oibrithe, ar chóiríocht.

Déanann gach Ballstát forálacha foirmiúla maidir le bearta den sórt sin, ach bíonn an-éagsúlacht ann maidir lena n-éifeachtacht phraiticiúil. De réir Ballstáit agus páirtithe leasmhara éagsúla, is minic cigireachtaí saothair neamhleora in earnálacha séasúracha ó thaobh cumhdaigh agus minicíochta de, go háirithe le linn buaicshéasúr[83]. Is iad na hacmhainní atá ar fáil a chinntíonn a

---

80 An tÚdarás Eorpach Saothair, fonóta 6, lch. 82 agus ina dhiaidh sin; Clárúchán aonair CBL, fonóta 35; Staidéar spriocdhírithe, fonóta 7; Solidar, fonóta 55, lch. 30 agus ina dhiaidh sin.

81 An tÚdarás Eorpach Saothair. Fonóta 6, lch. 82.; Solidar, fonóta 55, lch. 43 agus ina dhiaidh sin; Tairgeann PAM, Ceardchumann de chuid na Fionlainne, ballraíocht speisialta d'oibrithe séasúracha, Oibrí Séasúrach – PAM.

82 Comhairle na hEorpa, fonóta 75, pointe 24.6; Generation 2.0 RED, SolidarityNow, fonóta 36, lch. 37; Rialtas na Fionlainne, fonóta 75, Roinn 4.4; Cónaidhm Eorpach na gCeardchumann Turasóireachta, Bia agus Talmhaíochta, fonóta 75; Solidar, fonóta55, lch. 30 agus ina dhiaidh sin, Oxfam, fonóta 7, lch. 44; *Employment Equality Bulletin* [Feasachán maidir le Comhionannas Fostaíochta], fonóta 7.

83 An tÚdarás Eorpach Saothair, fonóta 6, lch. 102 agus ina dhiaidh sin; Chuir Cónaidhm Eorpach na gCeardchumann Seirbhíse Poiblí (EPSU), a dhéanann ionadaíocht ar chigirí saothair, in iúl go ndéantar tearcmhaoiniú ar chigirí saothair ar fud an Aontais, nach bhfuil foireann leordhóthanach acu agus go bhfuil siad tearcoilte, agus mar thoradh air sin nach n-urramaítear cearta oibrithe. Dar le EPSU, níor chomhlíon tíortha an Aontais íosoibleagáidí coiteanna Choinbhinsiún Uimh. 81 na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS),

éifeachtaí a bheifear, spriocdhíriú cigireachtaí a bhunaítear ar ghearáin agus cigireachtaí rioscabhunaithe réamhghníomhacha agus an chothromaíocht a bhaintear amach eatarthu, comhar idir ghníomhaireachtaí, agus rannpháirtíocht ateangairí, idirghabhálaithe cultúrtha agus ceardchumann. Is féidir le rochtain ar phá aisghníomhach, cúiteamh agus tacaíocht chun fostaíocht mhalartach a aimsiú difear a dhéanamh freisin do thoilteanas oibrithe gearáin a dhéanamh faoi fhostóirí.

Neartaigh roinnt Ballstát a gcur chuige le dianfhaireachán ginearálta[84], córais rioscabhunaithe, cigireachtaí gan réamhfhógra, oibríochtaí ilghníomhaireachta agus feachtais chigireachta shéasúracha thráthrialta[85], ach tá srianta acmhainní, sainorduithe ilroinnte, spriocdhíriú rioscabhunaithe neamhleor cigireachtaí agus cumhdach míchothrom ar fud na n-earnálacha séasúracha fós ina mbac ar Bhallstáit eile. Chun dúshaothrú oibrithe, lena n-áirítear oibrithe séasúracha ó thríú tíortha atá fostaithe go dleathach, a bhrath agus aghaidh a thabhairt air ar bhealach níos fearr agus chun tacaíocht a chur ar fáil, d'fhorbair Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA) agus an tÚdarás Eorpach Saothair treoraíocht phraiticiúil le haghaidh cigireachtaí saothair[86]. Cuirtear uirlisí nithiúla ar fáil leis an treoraíocht chun cleachtais chigireachta a dhíríonn ar oibrithe a chur chun feidhme.

Os a choinne sin, tá an faireachán agus an chigireacht ar chóiríocht an oibrí shéasúraigh agus ar chomhlíonadh a n-oibleagáidí ag fostóirí faoi Airteagal 20(2) den Treoir fós níos laige agus níos ilroinnte. Is minic a roinntear seiceálacha tithíochta i measc roinnt údarás[87], uaireanta gan comhar foirmiúil. Is annamh a dhéantar gnáthchigireachtaí réamhghníomhacha, agus uaireanta ní spreagfar

---

Rannchuidiú leis an gcomhairliúchán straitéiseach maidir le cur chun feidhme na Treorach maidir le Smachtbhannaí in aghaidh Fostóirí agus na Treorach maidir le hOibrithe Séasúracha, mí na Nollag 2025; Cónaidhm Eorpach na gCeardchumann Turasóireachta, Bia agus Talmhaíochta, fonóta 75; Staidéar spriocdhírithe, fonóta 7. Luaigh líon mór páirtithe leasmhara é sin freisin le linn na ngníomhaíochtaí comhairliúcháin a luaitear i bhfonótaí 18 agus 19.

[84] I gcás na Laitvia, is é a bhí i gceist sonraí cánach agus slándála sóisialta gach oibrí a sheiceáil chun aimhrialtachtaí a bhrath, tráth a ndéantar iarratas ar shíneadh a chur le cead oibre séasúrach a chur faoi bhráid na Seirbhíse Fostaíochta. Déanann Cigireacht Saothair an Stáit anailís agus meastóireacht ar fhaisnéis arna soláthar ag an tSeirbhís Fostaíochta maidir le ceadanna oibre a eisítear d'oibrithe séasúracha freisin agus úsáideann sí an fhaisnéis sin le haghaidh cigireachtaí spriocdhírithe.

[85] Mar shampla, thuairiscigh Cigireacht Saothair na hIodáile 8 847 gcigireacht sa talmhaíocht in 2024, agus braitheadh neamhchomhlíonadh in 68.4 % de na cásanna. Chuir an Chigireacht dlús freisin le hoibríochtaí frith-*caporalato* (córas máistrí spailpíní, faoina dtagann idirghabhálaithe neamhscrupallacha i dtír ar oibrithe leochaileacha), lena n-áirítear 763 chigireacht ag tascfhórsaí ilghníomhaireachta faoin tionscadal A.L.T. Caporalato D.U.E. – Gníomhaíochtaí ar mhaithe le Dlíthiúlacht agus chun Lucht Saothair a chosaint: Dínit, Comhionannas agus Cothromas (*Azioni per la Legalità e la Tutela del lavoro – Dignità, Uguaglianza ed Equità* (A.L.T. Caporalato D.U.E.)) a raibh mar thoradh air gur sainaithníodh 73 íospartach spailpínteachta agus dúshaothraithe lucht saothair. D'eisigh an Chigireacht Náisiúnta Saothair 962 ordú fionraíochta gnó freisin i réimse na talmhaíochta, ar cúlghaireadh 83 % díobh tar éis tabhairt chun rialtachta agus na méideanna a bhí dlite a íoc. Don tréimhse chéanna, thuairiscigh an Spáinn 1 615 ghníomhaíocht, agus braitheadh 255 shárú san fháilteachas, a comhlánaíodh le feachtais réigiúnacha i réimse na talmhaíochta. Thaifead an Bhulgáir beagnach 4 000 cigireacht in aghaidh na bliana i réimse na talmhaíochta in 2023 agus in 2024.

[86] FRA, *How workplace inspectors can protect third-country workers' rights,* Training manual [Mar ar féidir le cigirí san ionad oibre cearta oibrithe tríú tír a chosaint], Lámhleabhar Oiliúna, 2024; An tÚdarás Eorpach Saothair/FRA, Dúshaothrú saothair a bhrath agus aghaidh a thabhairt air, Treoir do chigirí saothair, 2025.

[87] Mar shampla, sa Bheilg, sa tSeicia, sa Ghearmáin, san Fhionlainn, i Málta agus sa Pholainn.

forfheidhmiú mura ndéantar gearáin[88] (rud nach dócha a dhéanfaidh oibrithe séasúracha). Baintear an bonn a thuilleadh d'fhorfheidhmiú éifeachtach i roinnt Ballstát le caighdeáin leordhóthanachta dhébhríocha. Tá tíortha ina bhfuil dea-chleachtais i bhfeidhm, cleachtais amhail seiceálacha tithíochta a chomhtháthú i gcigireachtaí san ionad oibre, cigireachtaí córasacha a dhéanamh ar theacht isteach nó uirlisí nuálacha a úsáid chun socruithe tithíochta amhrasacha a bhrath, ach is cosúil go mbíonn rialuithe a bhaineann le cóiríocht chun deiridh ar chigireachtaí san ionad oibre go ginearálta.

Admhaíonn na Ballstáit agus páirtithe leasmhara[89] go bhfuil dlús a chur le faireachán agus cigireachtaí éifeachtacha rioscabhunaithe ar cheann de na príomhbhealaí chun dúshaothrú agus cóiríocht neamhleor in earnálacha séasúracha a chosc agus a chomhrac. Iarrann Cónaidhm Eorpach na gCeardchumann Bia, Talmhaíochta agus Turasóireachta agus Solidar go neartófaí sainordú an Údaráis Eorpaigh Saothair ina leith sin[90].

Smachtbhannaí éifeachtacha, comhréireacha agus athchomhairleacha, lena n-áirítear cúiteamh – Airteagal 17

Leis na creataí smachtbhannaí arna mbunú go dlíthiúil ag na Ballstáit comhlíontar den chuid is mó na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 17(1) den Treoir chun smachtbhannaí éifeachtacha, comhréireacha agus athchomhairleacha a áirithiú i gcás neamh-chomhlíonadh a n-oibleagáidí ag fostóirí, lena n-áirítear an fhéidearthacht an t-údarú chun críche na hoibre séasúraí a dhiúltú nó a tharraingt siar nó, i gcásanna tromchúiseacha, fostóirí a eisiamh ó oibrithe séasúracha a fhostú. De réir roinnt páirtithe leasmhara, áfach, is cosúil nach bhfuil ach éifeacht dhíspreagthach theoranta fós ag na smachtbhannaí i roinnt Ballstát[91]. Tá smachtbhannaí riaracháin nó coiriúla i bhfeidhm ag gach Ballstát in aghaidh fostóirí a sháraíonn a n-oibleagáidí faoin Treoir, smachtbhannaí a mhéadaítear go minic de réir gach oibrí a ndéanann na sáruithe difear dó, agus a fhorlíontar le bearta coimhdeacha amhail áitribh neamhsháibháilte a dhúnadh nó díliostú ó scéimeanna deimhniúcháin. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé nach mar a chéile a n-éifeacht dhíspreagthach mar gheall ar leibhéil éagsúla fíneálacha, infheictheacht mhíchothrom na rialacha is infheidhme[92], a chasta atá nósanna imeachta agus an fad a mhaireann siad ag cur san áireamh gur tréimhsí

[88] Mar shampla, sa Chipir agus sa tSlóivéin.

[89] Áitíonn EPSU ar thíortha an Aontais cistiú, acmhainní agus oiliúint leordhóthanach a áirithiú le haghaidh cigireachtaí saothair éifeachtacha, fonóta 83; An tÚdarás Eorpach Saothair, fonóta 6, lch. 102 agus ina dhiaidh sin; Staidéar spriocdhírithe, fonóta 7; Comhairle na hEorpa, fonóta 75, pointe 24.3; Generation 2.0 RED, SolidarityNow, fonóta 36, lch. 36; Cónaidhm Eorpach na gCeardchumann Turasóireachta, Bia agus Talmhaíochta, fonóta. 4; Cónaidhm Eorpach na gCeardchumann Turasóireachta, Bia agus Talmhaíochta, fonóta 75, Oxfam, fonóta 7, lch. 44; *Boletín de Igualdad en el Empleo*, fonóta 7.

[90] Cónaidhm Eorpach na gCeardchumann Turasóireachta, Bia agus Talmhaíochta, fonóta 75; Solidar, fonóta 55, lgh. 19 agus 50.

[91] Iarrann Cónaidhm Eorpach na gCeardchumann Turasóireachta, Bia agus Talmhaíochta smachtbhannaí móra ar fhostóirí a sháraíonn an Treoir, fonóta 75.

[92] Tá roinnt tíortha de chuid an Aontais – mar shampla, an Ghréig, an Fhionlainn, an Chróit, an Ungáir, an Ísiltír, an Phortaingéil agus an tSlóvaic – a nascann go sainráite oibleagáidí fostóirí faoin Treoir le clásail smachtbhannaí shonracha, lena n-áirítear fíneálacha as gach oibrí a ndéantar dúshaothrú air, uasteorainneacha cíosa nó tairseacha cíosa agus tagairtí díreacha do cheadanna a diúltaíodh nó a tarraingíodh siar, agus sa tslí sin an tsoiléireacht a fheabhsú agus an díspreagadh a mhéadú.

séasúracha gearra a bhíonn i gceist, agus spriocdhíriú agus minicíocht fíneálacha. Ar dtús, bhí ocht mBallstát nach raibh smachtbhannaí i bhfeidhm acu maidir le cóiríocht neamhleor arna socrú ag an bhfostóir ach thrasuigh siad an oibleagáid sin faoin Treoir idir an dá linn. I roinnt Ballstát[93], tá fíneálacha sonracha as sáruithe ar oibleagáidí tithíochta sách íseal fós agus, dá bhrí sin, tá an baol ann nach mbeadh éifeacht dhíspreagthach acu.

Déantar foráil in Airteagal 17(2) den Treoir maidir leis an gceart chun cúitimh le haghaidh oibrithe séasúracha tríú tír i gcásanna inar tarraingíodh údarú siar ar chúiseanna áirithe a bhaineann le fostóir. Sna cásanna sin, ní mór don fhostóir an t-oibrí a chúiteamh as aon mhéid gan íoc a bheadh dlite fós murach gur tarraingíodh siar an t-údarú. Thrasuigh na Ballstáit an ceart sin ar bhealaí éagsúla, rinne cuid díobh foráil maidir le ceart sainráite[94] agus bhain Ballstáit eile úsáid as forálacha ginearálta saothair agus/nó dlí shibhialta[95]. Is beag ábharthacht phraiticiúil a bhaineann leis an gceart i bhformhór na mBallstát, i bhfianaise ghearrfhanachtaí na n-oibrithe séasúracha agus gur annamh a tharraingítear údaruithe siar[96].

Ar fud an Aontais, cuirtear bac ar anailís riosca náisiúnta chríochnúil agus ar an measúnú ar éifeachtacht agus éifeachtúlacht na Treorach de bharr infhaighteacht theoranta sonraí imdhealaithe inchomparáide maidir le cigireachtaí, smachtbhannaí agus torthaí a bhaineann le hoibrithe séasúracha tríú tír. Luaigh roinnt Ballstát agus páirtithe leasmhara go bhfuil sé ríthábhachtach sonraí imdhealaithe a bhailiú chun measúnú níos fearr a dhéanamh ar staid oibrithe séasúracha tríú tír[97].

c. Cóiríocht leordhóthanach a áirithiú – Airteagal 20

Bunaítear le hAirteagal 20 den Treoir ceart sonrach chun cóiríocht leordhóthanach le haghaidh oibrithe séasúracha, arna neartú le seiceálacha um réamhligean isteach ag na húdaráis inniúla chun a fhíorú go mbeidh cóiríocht den sórt sin ar fáil sa chleachtas (féach Airteagail 5(1)(c) agus 6(1)(c) agus Aithris 41). Ní mór cóiríocht lena ráthófar caighdeán maireachtála leordhóthanach a bheith ar fáil ar feadh ré iomlán an fhanachta, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus gnáthchaighdeáin sláinte agus sábháilteachta. Thrasuigh gach Ballstát an ceanglas sin. Shainigh go leor díobh cóiríocht leordhóthanach sa dlí náisiúnta, ach le beachtas an-éagsúil: leag cuid díobh síos caighdeáin cheangailteacha inar sonraíodh gnéithe spáis, sláintíochta, fóntas, trealaimh agus, i gcásanna áirithe, inrochtaineacht iompair agus ceanglais go mbeadh saoráidí ar leithligh ann d'fhir

[93] Mar shampla, an Liotuáin, an Pholainn agus an Rómáin.
[94] Mar shampla, an Ostair, an Bheilg (an Vallúin), an tSeicia, an Eastóin, an Ghréig, an Iodáil, an Laitvia, Lucsamburg, an Phortaingéil, an Rómáin agus an tSualainn.
[95] Mar shampla, an Chipir, an Ghearmáin, an Spáinn, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Chróit, an Ungáir, an Liotuáin, Málta, an Ísiltír, an Pholainn, an tSlóvaic agus an tSlóivéin.
[96] Seachas sa Ghréig agus sa Chróit.
[97] Comhairle na hEorpa, fonóta 75, pointe 24.7; Staidéar spriocdhírithe, fonóta 7.

agus do mhná[98], ach úsáideann Ballstáit eile reachtaíocht ghinearálta tithíochta nó sábháilteachta ceirde chun na críche sin[99].

Déantar seiceálacha um réamhligean isteach den chuid is mó trí bhíthin rialuithe doiciméadacha[100], cé gur ghlac roinnt Ballstát cleachtais níos déine, lena n-áirítear fíorú córasach bunachar sonraí, agallaimh agus gnáthchigireachtaí[101]. I measc na cineálacha fianaise a cheanglaítear tá conarthaí cíosa[102] agus fianuithe simplí ó fhostóirí[103]. Bhí seacht mBallstát nár éiligh aon chruthúnas ar dtús ar chóiríocht leordhóthanach, ach leis na leasuithe ina dhiaidh sin feabhsaíodh an comhlíonadh foirmiúil.

D'ainneoin na gcreataí dlíthiúla sin, tá easnaimh mhóra fós ann, go háirithe le linn buaicphointí séasúracha sa talmhaíocht agus sa turasóireacht tráth a mhéadaíonn insreafaí agus gan leordhóthain tithíochta a bheith ar fáil go háitiúil[104]. Is minic cóiríocht neamhleor nasctha le cineálacha dúshaothraithe lucht saothair, agus feabhsuithe á n-iarraidh go rialta ag na Ballstáit agus ag páirtithe leasmhara[105]. Thosaigh Ballstáit áirithe ar aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin ar bhealach níos struchtúrtha. Mar shampla, cuimsítear le plean ilbhliantúil na hIodáile in aghaidh *caporalato* (idirghabháil dúshaothraithe (leithdháileadh spailpíní)), le tacaíocht ó AMIF[106], bearta chun tithíocht chuibhiúil le haghaidh oibrithe talmhaíochta a fhorbairt trí shócmhainní coigistithe a athúsáid agus trí chórais ghlactha chomhtháite agus rialachas críochach comhordaithe. Ina theannta sin, tacaíonn Clár Náisiúnta na hIodáile um Chuimsiú agus an Comhrac in aghaidh na Bochtaineachta 2021-2027[107] agus Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) le lánpháirtiú oibrithe ó thríú tíortha agus le rochtain ar thithíocht ardcháilíochta dóibh. Comhchistíonn an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (STA), le EUR 200 milliún faoi phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta na hIodáile, tionscnaimh chun cur i gcoinne lonnaíochtaí neamhdhleathacha agus chun dúshaothrú oibrithe talmhaíochta a chomhrac i 37 mbardas lena mbaineann[108].

---

[98] Mar shampla, an Ostair, an Bheilg, an Bhulgáir, an Chipir, an tSeicia, an Ghearmáin, an Eastóin, an Spáinn, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Chróit, an Iodáil, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, Málta, an Phortaingéil, an tSlóivéin, an tSlóvaic agus an tSualainn.

[99] Mar shampla, an Ghréig, an Ungáir agus an Pholainn.

[100] Mar shampla, an Bhulgáir, an Ghearmáin, an Ghréig, an Ísiltír agus an tSlóivéin; ELIAMEP, fonóta 55, lch. 19.

[101] Mar shampla, an Bheilg, an tSeicia, an Fhionlainn, an Chróit agus Málta.

[102] Mar shampla, an Bheilg agus Málta.

[103] Mar shampla, an Ostair, an Ghearmáin.

[104] Mar shampla sa Chipir, sa Ghréig, san Iodáil, sa Phortaingéil agus sa Spáinn. Áiríodh go raibh 10 000 oibrí imirceach ina gcónaí i lonnaíochtaí neamhfhoirmiúla san Iodáil: Aireacht Saothair agus Beartas Sóisialta agus Comhlachas Náisiúnta Bhardais na hIodáile, *Le condizioni abitative dei migranti che lavorano nel settore agro-alimentare* (Dálaí maireachtála imirceach atá ag obair san earnáil agraibhia), 2022.

[105] Mar shampla, Rialtas na Fionlainne, fonóta 75; ELIAMEP, fonóta 55, lgh 19 agus 25, Eurispes, fonóta 36.

[106] Féach fonóta 17 agus Programmazione pluriennale in tema di politiche del lavoro, integrazione e inclusione 2021-2027.

[107] An clár náisiúnta um chuimsiú agus um chomhrac in aghaidh na bochtaineachta 2021-2027, Tosaíochtaí | MLPS - PN.

[108] PNRR, 200 milliún do 37 mbardas chun lonnaíochtaí neamhfhoirmiúla a shárú.

Níor thrasuigh ocht mBallstát ar dtús na hoibleagáidí sonracha tithíochta faoi Airteagal 20 i gcás fostóirí a shocraíonn cóiríocht, is é sin na rialacha lena gceanglaítear cíos neamhiomarcach, lena dtoirmisctear asbhaintí uathoibríocha pá, agus lena ndéantar conarthaí cíosa i scríbhinn éigeantach, é sin nó níor thrasuigh siad iad ach go páirteach. Thrasuigh roinnt Ballstát na hoibleagáidí sin ar bhealach soiléir infheicthe[109], agus thug roinnt díobh[110] tairseacha nithiúla isteach, amhail cíos a uasteorannú ag thart ar aon trian den phá nó uas-asbhaintí is incheadaithe a bhunú, rud a mhéadaíonn soiléireacht agus in-fhorfheidhmitheacht araon. Mar sin féin, leanann páirtithe leasmhara de sháruithe rialta a thuairsciú agus de na sáruithe sin a nascadh le heaspa faisnéise agus le faireachán, cigireachtaí agus smachtbhannaí neamhleora. Léiríodh imní freisin faoi chonarthaí cíosa a chuirtear ar fáil go minic i dteanga nach dtuigeann na hoibrithe. Cuireann páirtithe leasmhara i dtábhacht go rialta gur gá d'údaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla níos mó a dhéanamh chun cóiríocht leordhóthanach a áirithiú le haghaidh oibrithe séasúracha tríú tír, go háirithe tríd an acmhainneacht chóiríochta a leathnú (lena n-áirítear saoráidí nua a thógáil agus foirgnimh atá ann cheana a athchóiriú) agus trí fhaireachán a neartú[111].

d. Rochtain chomhionann ar bhrainsí áirithe den tslándáil shóisialta – Airteagal 23

Thrasuigh gach Ballstát go foirmiúil an oibleagáid faoi Airteagal 23(1)(d) den Treoir chun a áirithiú go gcuirfear an chóir chéanna ar oibrithe séasúracha tríú tír agus a chuirtear ar náisiúnaigh de chuid an Aontais i ndáil leis na cineálacha slándála sóisialta a liostaíodh in Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004[112], a mhéid is ann do na brainsí sin sa dlí náisiúnta, agus cúnamh sóisialta a eisiamh. Ghníomhachtaigh go leor Ballstát na maoluithe roghnacha le haghaidh sochair dhífhostaíochta[113] agus/nó sochair theaghlaigh[114] (Airteagal 23(2)). Mar sin féin, i roinnt Ballstát, tá srian le rochtain éifeachtach fós de bharr ceanglais a nasctar le tréimhsí ranníocaíochtaí slándála sóisialta, tréimhsí cónaithe agus tréimhsí infhaighteachta sa mhargadh saothair nach féidir le hoibrithe séasúracha tríú tír a chomhlíonadh de ghnáth.

Ní bhíonn an rochtain chéanna ar árachas sláinte poiblí ann i ngach Ballstát. Soláthraíonn formhór na mBallstát cleamhnacht dhíreach nuair a chláraíonn oibrí, nó nuair a chláraítear é, sa tslándáil

[109] Mar shampla, an Bhulgáir, an Chróit, an Iodáil, an Liotuáin, Lucsamburg, Málta, an Pholainn, an Phortaingéil agus an Rómáin. Rinne Ballstáit eile, amhail an Ostair, an Bheilg, an Chipir, an tSeicia, an Ghearmáin, an Eastóin, an Ghréig, an Spáinn, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ungáir, an Laitvia, an Ísiltír, an tSualainn, an tSlóvaic agus an tSlóivéin iad a thrasuí ar bhealach níos ilroinnte.

[110] Mar shampla, an Ghearmáin, an Iodáil, an Liotuáin agus Málta.

[111] *Cour des Comptes, Le logement des travailleurs saisonniers* (Cóiríocht oibrithe séasúracha), tuarascáil, 2025; SME United, Business Europe, SGI Europe, fonóta 51; Generation 2.0 RED, SolidarityNow, fonóta 36, lch. 38; ELIAMEP, fonóta 55, lch. 25. Staidéar spriocdhírithe, fonóta 7; IG Bau, *Saisonarbeit in der Landwirtschaft* (Obair shéasúrach sa talmhaíocht), Bericht 2024; Oxfam, fonóta 7), lch. 45. *Boletín de Igualdad en el Empleo*, fonóta 7.

[112] Sochair bhreoiteachta, mháithreachais agus atharthachta, easláine, seanaoise agus marthanóirí, sochair le haghaidh tionóiscí ag an obair agus galair cheirde, deontais bháis.

[113] Mar shampla, an Ostair, an Bheilg, an Bhulgáir, an tSeicia, an Ghearmáin, an Eastóin, an Ghréig, an Spáinn, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Chróit, an Ungáir, an Iodáil, Lucsamburg, Málta agus an Pholainn.

[114] Mar shampla, an Ostair, an Bheilg, an Bhulgáir, an tSeicia, an Ghearmáin, an Eastóin, an Ghréig, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ungáir, an Iodáil, an Liotuáin, Lucsamburg agus an Pholainn.

shóisialta[115], ach forchuireann Ballstáit eile tairseacha ioncaim, ranníocaíochtaí íosta, céimeanna clárúcháin nó íoscheanglais chónaithe arbh fhéidir gur deacair iad a chomhlíonadh láithreach ar theacht isteach dó[116], ar a laghad. Baineann roinnt Ballstát úsáid as scéimeanna fruilithe gearrthéarmacha simplithe nach dtugtar stádas árachais sláinte iomlán leo[117].

Is iondúil go gcumhdaítear tionóiscí ag an obair agus galair cheirde ón gcéad lá oibre. Mar sin féin, is minic na tréimhsí cáilitheacha le haghaidh sochair mháithreachais agus atharthachta, sochair easláine agus sochair airgid thirim i leith breoiteachta níos faide ná tréimhse fanachta oibre séasúraí agus uaireanta bíonn coinníollacha cónaithe in éineacht leo fiú, rud a chuireann teorainn le hinúsáidteacht phraiticiúil na dteidlíochtaí sin.

Deonaítear pinsin seanaoise agus mharthanóra[118], i bprionsabal, ar na téarmaí céanna agus a dheonaítear iad do dhaoine ón mBallstát atá i gceist, lena n-áirítear an fhéidearthacht comhiomlánú agus onnmhairiú a dhéanamh. Mar sin féin, braitheann rochtain éifeachtach ar chomhaontuithe déthaobhacha leis na tíortha tionscnaimh a bheith ann, mar aon le córais chun ranníocaíochtaí a thaifeadadh, tréimhsí árachais nó ranníocaíochta a chomhiomlánú, agus pinsin a íoc le hoibrithe séasúracha, a d'fhill ar a dtíortha tionscnaimh, nó ar a marthanóirí. I roinnt Ballstát, an easpa comhaontuithe sin, nó cumhdach páirteach na gcomhaontuithe, íostairseacha arda ranníocaíochtaí, deimhniú dian ó thaobh páipéarachais de, agus nósanna imeachta íocaíochta anásta, cuireann na nithe sin bac ar an rochtain phraiticiúil d'oibrithe séasúracha agus dá marthanóirí tar éis dóibh filleadh[119]. Tá dea-chleachtais ag roinnt Ballstát, agus déanann siad teidlíochtaí a onnmhairiú agus a chomhiomlánú go rianúil trí shuíomhanna gréasáin soiléire a bheith acu ina mínítear na comhaontuithe slándála sóisialta is infheidhme idir an Ballstát agus an tír thionscnaimh agus na féidearthachtaí digiteacha maidir le 'deimhniú beatha'. Le staidéar atá le teacht arna dhéanamh ag an Lárionad Idirnáisiúnta um Fhorbairt Beartas Imirce agus arna chistiú faoin tSaoráid Chomhpháirtíochta i gcomhair Imirce, tabharfar léargais bhreise ar na dúshláin atá fós ann a bhaineann le rochtain a fháil ar phinsin.

IV. CONCLÚIDÍ AGUS NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

Agus ábharthacht an tsaothair shéasúraigh tríú tír in earnálacha tábhachtacha eacnamaíocha á cur san áireamh, agus i gcomhthéacs ganntanas leanúnach lucht saothair agus an athraithe dhéimeagrafaigh, tá an Treoir fós ina príomhionstraim chun creat ordúil um ligean isteach agus

[115] Mar shampla, an Bheilg, an Chipir, an tSeicia, an Ghréig, an Spáinn, an Fhrainc, an Chróit, Lucsamburg, Málta, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóivéin agus an tSlóvaic.

[116] Mar shampla, an Ostair, an Fhionlainn, an Ísiltír agus an tSualainn.

[117] Mar shampla, an Ghearmáin agus an Ungáir (i gcás oibrithe séasúracha talmhaíochta le haghaidh tréimhsí fanachta nach faide ná 210 lá); maidir leis an nGearmáin, féach SVR, fonóta 35; IG Bau, fonóta 111, 2024, S. 8.

[118] Marthanóirí oibrithe séasúracha a bhfuil cónaí orthu i dtír nach Ballstát den Aontas í agus a fhaigheann cearta ón oibrí séasúrach.

[119] Áirithíonn an Ostair, an Spáinn, an Fhrainc, an Chróit, an Iodáil agus an Pholainn onnmhairiú pinsean agus comhiomlánú tréimhsí árachais agus ranníocaíochta trí chomhaontuithe déthaobhacha leis na tíortha tionscnaimh is coitianta nó le tíortha tionscnaimh uile a n-oibrithe séasúracha tríú tír. Sa Bhulgáir, sa Chipir, san Fhionlainn, sa tSualainn, sa Phortaingéil, sa Laitvia, i Lucsamburg agus sa Rómáin, ní ann do chomhaontuithe déthaobhacha den sórt sin ach i gcás cuid de na tíortha tionscnaimh coitianta.

coimircí éifeachtacha araon a áirithiú in earnálacha atá neamhchosanta ar rioscaí leochaileachta, dúshaothraithe agus forfheidhmiúcháin. Léirítear i dtorthaí na tuarascála go dtreisíonn mealladh lucht saothair agus forfheidhmiú éifeachtach a chéile. Is féidir le conairí soghluaisteachta lucht saothair a bheith ina gcuidiú chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais struchtúracha ach iad a bheith tapa go leor, intuartha agus inchreidte d'fhostóirí agus d'oibrithe araon. Tagann inchreidteacht freisin ó fhorfheidhmiú infheicthe ag na húdaráis náisiúnta lena gcuirtear cosc ar fhostóirí neamhchomhlíontacha buntáiste a fháil trí fhostaíocht neamhdhleathach, obair thearcdhearbhaithe, nó dálaí oibre agus maireachtála faoi bhun caighdeáin.

I gcomparáid leis an staid ilroinnte roimh 2014, tá conairí soghluaisteachta lucht saothair níos cuíchóirithe mar thoradh ar an Treoir agus ar a cur chun feidhme, rud a chuidíonn chun na dreasachtaí a laghdú i gcás fostaíocht neamhdhleathach agus obair neamhdhearbhaithe. Leis an Treoir, neartaíodh seasamh dlíthiúil oibrithe séasúracha freisin leis an gceart chun fostóir a athrú, le forálacha maidir le cóir chomhionann, coimircí cóiríochta, oibleagáidí faisnéise, sásraí gearáin agus sásaimh, maoirseacht níos fearr agus smachtbhannaí níos déine, i measc nithe eile.

Cé gur thug na Ballstáit a reachtaíocht náisiúnta i gcomhréir leis an Treoir ar an iomlán tar éis na nósanna imeachta um shárú a thosú, tá an baol ann go mbainfear an bonn de chonairí lucht saothair agus de chosaint éifeachtach oibrithe de bharr bearnaí leanúnacha praiticiúla ó thaobh chur chun feidhme de i roinnt Ballstát. Is sna deacrachtaí praiticiúla is soiléire na heasnaimh, amhail fostóir a athrú go tapa roimh dheireadh séasúir, cáilíocht agus inrochtaineacht faisnéise, a éifeachtaí a bhíonn cigireachtaí agus smachtbhannaí, rochtain ar shásraí gearáin agus sásaimh (lena n-áirítear ón tír thionscnaimh), infhaighteacht cóiríochta agus í a bheith leordhóthanach, sásraí cúitimh, rochtain ar chineálacha áirithe slándála sóisialta chomh maith le hinaistritheacht na gceart.

Ar an iomlán, léiríonn torthaí na tuarascála seo go bhfuil an creat dlíthiúil atá ann faoi láthair oiriúnach dá fheidhm agus, ag an gcéim seo, nach gá an Treoir a leasú. Is é tosaíocht an Choimisiúin cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú iomlán, comhsheasmhach, éifeachtach na n-oibleagáidí atá ann cheana a áirithiú, le tacaíocht ó rialachas níos fearr, inniúlacht oibríochtúil agus sonraí inchomparáide.

Chun leas a bhaint as acmhainneacht iomlán na Treorach, ba cheart dhá iarracht a dhéanamh: (i) conairí séasúracha lucht saothair a dhéanamh níos tarraingtí, trína áirithiú go mbeidh na nósanna imeachta earcaíochta agus um ligean isteach tráthúil, intuartha agus cothrom, lena n-áirítear le haghaidh riachtanais an bhuaicshéasúir, go gcuirfear faisnéis shoiléir ilteangach ar fáil, go mbeidh an fhéidearthacht ann d'oibrithe fostóir a athrú, go mbeidh cóiríocht leordhóthanach acu agus go n-urramófar a gcearta; agus (ii) dlús a chur leis an gcomhrac in aghaidh fostaíocht neamhdhleathach agus obair neamhdhearbhaithe, le cigireachtaí agus smachtbhannaí rioscabhunaithe níos éifeachtaí, comhar níos dlúithe i measc na n-údarás inniúil (lena n-áirítear thar theorainneacha agus feadh slabhraí fochonraitheoireachta), agus rochtain níos fearr ar shásraí gearáin agus sásaimh. I dteannta chur chun feidhme na Treorach maidir le Smachtbhannaí in aghaidh Fostóirí, beidh ríthábhacht leis an gcur chuige comhcheangailte sin chun freastal ar riachtanais i ndáil le lucht saothair séasúrach i bpríomhearnálacha agus deireadh a chur freisin le

dreasachtaí d'fhostóirí gan an Treoir a chomhlíonadh, dúshaothrú a chosc, agus rannchuidiú le tosaíochtaí an Aontais maidir le hiomaíochas agus bainistiú imirce. Chun na críche sin, cuirfidh an Coimisiún na gníomhaíochtaí seo a leanas chun feidhme sna blianta amach romhainn:

- Obair leantach a dhéanamh maidir le nósanna imeachta um shárú atá ar siúl faoi láthair chun a áirithiú go ndéanfaidh gach Ballstát atá faoi cheangal na Treorach í a thrasuí i gceart agus go hiomlán;
- Forbairt agus cur chun feidhme scéimeanna soghluaisteachta i ndáil le hobair shéasúrach a chur chun cinn mar chuid den chomhar le tíortha nach Ballstáit den Aontas iad, lena n-áirítear faoi Chomhpháirtíochtaí Tallainne agus faoin gCreat Cuimsitheach um Chomhar maidir le Soghluaisteacht idir an tAontas Eorpach agus an India;
- Tacú leis na Ballstáit comhar déthaobhach a fhorbairt agus a oibríochtú le tíortha tionscnaimh maidir le hobair shéasúrach chiorclach, go háirithe trí na treoirphleananna um Fhostaíocht Shéasúrach Chóir, agus maidir le cúnamh teicniúil agus tacaíocht airgeadais a sholáthar;
- Tacú le malartú dea-chleachtas i measc na mBallstát maidir le conas nósanna imeachta éifeachtacha um ligean isteach a áirithiú d'oibrithe séasúracha, bunaithe ar thorthaí an staidéir ó ECFE/ón gCoimisiún atá ar na bacáin: 'Making Migration Work: Admitting Labour Migrants' [An Imirce a chur ag Obair: Imirceach oibre a Ligean Isteach];
- Tacú leis na Ballstáit, lena n-áirítear leis an Údarás Eorpach Saothair agus le cistiú tiomnaithe AMIF, chun gníomhaíochtaí spriocdhírithe soláthair faisnéise agus múscailte feasachta, chomh maith le sásraí inrochtana gearáin agus sásaimh, a dhearadh;
- Tacú leis na Ballstáit, lena n-áirítear leis an Údarás Eorpach Saothair agus le cistiú tiomnaithe ó AMIF, chun sásraí éifeachtacha faireacháin, measúnaithe agus smachtbhannaí a bhunú chun sáruithe arna ndéanamh ag fostóirí a chosc agus a bhrath agus smachtbhannaí a fhorchur ina leith, go háirithe trí thacú le feachtais chigireachta. Ba cheart a chumsiú leis sin freisin bailiú agus tuairisciú córasach sonraí imdhealaithe agus inchomparáide a neartú maidir le cigireachtaí, smachtbhannaí agus torthaí;
- Mar chuid den athbhreithniú ar shainordú an Údaráis Eorpaigh Saothair in 2026, athbhreithniú a dhéanamh ar conas a bhféadfadh an tÚdarás a bheith níos fearr i mbun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le mí-úsáidí dhálaí oibre náisiúnach tríú tír, lena n-áirítear oibrithe séasúracha.